AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.3.2018
COM(2018) 144 final

2018/0070 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Le Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (an Rialachán maidir le POPanna) cuirtear chun feidhme gealltanais an Aontais faoi Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha ('Coinbhinsiún Stócólm') arna fhaomhadh ag Cinneadh 2006/507/CE ón gComhairle[2] agus faoin bPrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha ('an Prótacal maidir le POPanna') arna fhaomhadh ag Cinneadh 2004/259/CE ón gComhairle[3].

Is ar na cúiseanna seo a leanas a bheartaítear Rialachán maidir le POPanna a athmhúnlú:

Luaitear in Airteagal 16 den Rialachán gurb é Airteagal 29 de Threoir 67/548/CEE ón gComhairle[4] é is bunús dlí leis an gcoiste coisteolaíochta d'ábhair ghinearálta faoin Rialachán. Rinneadh an Treoir sin a chúlghairm, áfach, le hAirteagal 60 de Rialachán (CE) 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] agus é mar thoradh air sin gur cuireadh deireadh leis an gcoiste coisteolaíochta don Rialachán an 1 Meitheamh 2015.

Dá thoradh sin, agus i bhfianaise na n-athruithe ar an nós imeachta a tugadh isteach leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('Conradh Liospóin'), is gá oiriúnú a dhéanamh ar fhorálacha coisteolaíochta an Rialacháin maidir le POPanna. Go háirithe, ba cheart a shonrú cé na rialacha atá faoi réir gníomhartha cur chun feidhme agus ba cheart a shoiléiriú cé na coinníollacha atá infheidhme maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

Chun tacú leis an gCoimisiún ina chúraimí dá bhforáiltear faoin Rialachán maidir le POPanna, tá sé beartaithe go mbeidh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') páirteach i gcúraimí riaracháin, teicniúla agus eolaíocha áirithe a bhfuil gá leo chun an Rialachán a chur chun feidhme. Tá sé beartaithe tacú leis na Ballstáit an Rialachán maidir le POPanna a fhorfheidhmiú trí ról comhordúcháin a thabhairt don Fhóram um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('REACH')[6].

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha agus lena leasaítear Treoir 79/117/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch 7)

2 Cinneadh 2006/507/CE ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2004 maidir le Coinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha a thabhairt i gcrích thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 209, 31.7.2006, lch 1).

3 Cinneadh 2004/259/CE ón gComhairle an 19 Feabhra 2004 maidir leis an bPrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha a thabhairt i gcrích thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 81, 19.3.2004, lch 35).

4 Treoir 67/548/CEE ón gComhairle an 27 Meitheamh 1967 maidir le comhfhogasú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin i ndáil le haicmiú, pacáistiú agus lipéadú substaintí contúirteacha (IO 196, 16.8.1967, lch 1–98)

5 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch 1)

6 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón

I bhfianaise na taithí a fuarthas ar fheidhmiú na nósanna imeachta faoi Rialachán maidir le POPanna, is iomchuí leasuithe teicniúla áirithe a dhéanamh ar na forálacha oibriúcháin, amhail na sainmhínithe atá ann cheana a shoiléiriú agus na sainmhínithe ar 'monarú', ar 'úsáid' agus ar 'substaint idirmheánach córais iata atá teoranta de réir suímh' a chur leo. Is iomchuí freisin forálacha na gceanglas tuairiscithe a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise na gconclúidí ar thángthas orthu sa Tuarascáil a glacadh le déanaí maidir le Gníomhaíochtaí chun Tuairisciú Comhshaoil a Chuíchóiriú[7].

De thoradh na leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Stócólm a socraíodh ag Comhdháil na bPáirtithe in 2015, tá sé riachtanach Iarscríbhinní an Rialacháin a thabhairt cothrom le dáta chun gealltanais an Aontais faoin gCoinbhinsiún sin a chomhlíonadh.

Rannchuidiú é an togra le gnóthú chuspóir tosaíochta 3 den 7ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil go dtí 2020: "Saoránaigh an Aontais a chosaint ar bhrúnna agus ar rioscaí don sláinte agus don fholláine a bhaineann leis an gcomhshaol" agus baineann sé le cuspóir tosaíochta 4, mír 65, freisin lena gceanglaítear go mbeidh rochtain ag an bpobal ar eolas soiléir faoin gcomhshaol ar bhonn náisiúnta. Chun na críche sin, tá crostagairtí sa togra do Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] agus do Threoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] ('Treoir INSPIRE') agus ráthaítear ann an chomhsheasmhacht le ceanglais na dTreoracha sin.

Thairis sin, déantar iarracht próisis tuairiscithe agus faireacháin a shimpliú, le béim ar uathoibriú, ar mhinicíocht níos ísle agus ar ábharthacht sonraí, i gcomhréir le clár oibre an Aontais maidir le Rialáil Níos Fearr agus le cinntí na Seiceála Oiriúnachta maidir le Tuairisciú agus Faireachán ar an gComhshaol[10]. Ag an am céanna, tá an togra seo i gcomhréir le straitéis an Choimisiúin maidir le Margadh Aonair Digiteach agus forálacha ann chun rochtain na saoránach ar fhaisnéis a mhéadú agus an trédhearcacht a fheabhsú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Na rialacha atá ag an Aontas faoi láthair maidir le bainistiú truailleán orgánach marthanach is sa Rialachán maidir le POPanna a leagtar síos iad, agus leasaíodh an Rialachán sin le déanaí le Rialachán (AE) Uimh. 2016/460 ón gCoimisiún[11]. Ina theannta sin, cuirtear oibleagáidí an Aontais maidir le honnmhairiú truailleán orgánach marthanach chun feidhme le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Luíonn an togra go hiomlán leis na beartais agus leis na cuspóirí atá ann cheana a bhfuil sé d'aidhm leo sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar fud an domhain.

---

gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch 1)

7 COM (2017) 312 atá ar fáil ag: http://ec.europa.eu/environment/legal/reporting/pdf/action_plan_env_issues.pdf

8 Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch 26–32)

9 Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch 1)

10 COM (2017) 312 agus SWD (2017) 230

11 Rialachán (AE) 2016/460 ón gCoimisiún an 30 Márta 2016 lena leasaítear Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 80, 31.3.2016, lch 17)

12 Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le ceimiceáin ghuaiseacha a onnmhairiú agus a allmhairiú (IO L 201, 27.7.2012, lch 60)

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 192(1) (maidir le Cosaint an Chomhshaoil) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús substaintiúil dlí, ós rud é gur ar chuspóir comhshaoil (i.e. truailleáin orgánacha mharthanacha a dhíothú) atá na bearta arna gcomhaontú faoi Choinbhinsiún Stócólm dírithe den chuid is mó.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach toisc go bhfuil cur chuige comhchuibhithe riachtanach chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an tAontas, i gcáil Páirtí i gCoinbhinsiún Stócólm, a oibleagáidí idirnáisiúnta.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ós rud é nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach. Ní mholtar athruithe ann ach sna cásanna sin ina meastar go bhfuil siad riachtanach agus iomchuí ar mhaithe leis an dea-fheidhmiú nó sna cásanna inar gá iad de thoradh athruithe ar reachtaíocht eile.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é gur rialachán atá sa reachtaíocht atá le hathmhunlú, is rialachán an ionstraim is iomchuí.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Toisc gur gá tabhairt faoin athmhúnlú agus raon feidhme teoranta na n-athruithe arna dtabhairt isteach, níor measadh go raibh sé riachtanach measúnú *ex post* a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar Sheiceáil Oiriúnachta maidir le Tuairisciú agus Faireachán ar reachtaíocht chomhshaoil agus rinneadh an Tuarascáil[13] ón tSeiceáil Oiriúnachta sin a iniúchadh chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na n-oibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos sa Rialachán maidir le POPanna. Déantar roinnt coigeartuithe san athmhúnlú a meastar iad a bheith riachtanach i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí arna sainaithint sa Tuarascáil, lena n-áirítear cuíchóiriú, simpliú agus uathoibriú an phróisis tuairiscithe/faireacháin agus feabhsú an tsoláthair faisnéise don phobal.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar gheall ar chineál an athmhúnlaithe, ar athmhúnlú é nach ndéanfaidh ach leasuithe teicniúla ar na forálacha oibriúcháin, níor measadh gur ghá dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ar bhonn foirmiúil.

Faoi chuimsiú chruinnithe na n-údarás atá inniúil i dtaobh an Rialacháin maidir le POPanna, rinneadh na páirtithe leasmhara ábhartha a chur ar an eolas faoi na hathruithe atá beartaithe. Ar na rannpháirtithe bhí geallsealbhóirí amhail lucht tionscail agus eagraíochtaí neamhrialtasacha chomh maith le Ballstáit, agus bhí deis acu ar fad a dtuairim a thabhairt agus trácht a dhéanamh.

[13] COM(2017) 312 final - Gníomhaíochtaí chun Tuairisciú Comhshaoil a chuíchóiriú: http://ec.europa.eu/environment/legal/reporting/pdf/action_plan_env_issues.pdf

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Toisc gur teoranta raon feidhme na n-athruithe a mholtar i gcomhthéacs an athbhreithnithe seo, níor measadh go raibh sé riachtanach úsáid fhairsing a bhaint as saineolas seachtrach. Chuathas i gcomhairle leis an nGníomhaireacht maidir le roinnt saincheisteanna teicniúla áfach.

- **Measúnú tionchair**

Tá na rialacha a leagtar amach sa Rialachán faoi láthair ag feidhmiú i gceart go ginearálta agus ní gá ach mionathruithe teicniúla chun an cur chun feidhme a éascú. Is é is aidhm leis na príomhathruithe an Rialachán a ailíniú le Conradh Liospóin agus le reachtaíocht ghinearálta na gceimiceán agus chun an Ghníomhaireacht a dhéanamh rannpháirteach sna cúraimí dá bhforáiltear faoin Rialachán. Ós rud é go bhfuiltear ag súil leis gur teoranta a bheidh tionchar foriomlán an athbhreithnithe, níor measadh go raibh sé den tábhacht measúnú tionchair a dhéanamh. Is féidir achoimre a dhéanamh ar phríomhéifeachtaí na n-athruithe mar seo a leanas:

  – De thoradh na n-athruithe atá beartaithe, is mó soiléireacht agus trédhearcacht agus deimhneacht dhlíthiúil a bheidh ann do na páirtithe ar fad a bhfuil baint acu leis an Rialachán a chur chun feidhme;

  – Aistreofar roinnt cúraimí ón gCoimisiún chuig an nGníomhaireacht, agus táthar ag súil leis sin go laghdófar na costais fhoriomlána agus go méadófar an t-eolas eolaíoch a bheidh ar fáil le haghaidh an chur chun feidhme;

  – Caomhnófar an t-ardleibhéal cosanta ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol atá ann faoi láthair.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl díolúine do mhicrifhiontair sa togra, ná rialacha speisialta le haghaidh FBManna (fiontair bheaga agus mheánmhéide), ós rud é go mbaineann sé le truailleáin orgánacha mharthanacha ar ábhar imní uilíoch iad agus ar gá, dá réir sin, deireadh a chur leo de réir a chéile ar bhonn uilíoch. Níl tionchar ar bith ag an togra ar iomaíochas earnála AE ná ar thrádáil idirnáisiúnta ós rud é go gcuireann sé oibleagáidí atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun feidhme i gcomhréir le Coinbhinsiún Stócólm a bhaineann i bprionsabal le Páirtithe uile an Choinbhinsiúin.

Áirítear ról sa togra don Ghníomhaireacht maidir leis an bhfaisnéis a chuirtear faoina bráid de réir fhorálacha an togra, a ghlacadh, a mhalartú agus faireachán a dhéanamh uirthi. Ós rud é, faoi láthair, go mbainistíonn an Ghníomhaireacht gníomhaíochtaí faisnéise eile faoi chuimsiú reachtaíocht AE maidir le ceimiceáin, lena n-áirítear REACH, CLP agus Rialachán PIC, meastar gurb iomchuí ról comhchosúil a shannadh don Ghníomhaireacht sa togra seo ionas gur féidir comhsheasmhacht sa chur chun feidhme rialála a fheabhsú.

- **Cearta bunúsacha**

De dheasca bainistíocht mhíchuí ar shubstaintí guaiseacha méadaítear truailliú an chomhshaoil i gcoitinne agus is féidir leis sin cur isteach go mór ar an gceart chun na beatha, ar an gceart chun sláine an duine, ar an gceart ar dhálaí oibre atá ceart agus cóir agus ar an gceart ar chosaint don chomhshaol.

Tháinig Coinbhinsiún Stócólm, a bhfuil prionsabal an réamhchúraim mar bhonntaca faoi, i bhfeidhm in 2004 chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar cheimiceáin a fhanann sa chomhshaol ar feadh i bhfad, agus a scaiptear go forleathan ó thaobh áite de, a charntar i bhfíocháin coirp an duine agus an fhiadhúlra, agus ag a mbíonn éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol.

Faoi láthair, is leis an Rialachán maidir le POPanna a chuirtear forálacha an Choinbhinsiúin agus an Phrótacail chun feidhme san Aontas. Agus aird á tabhairt ar Phrionsabal 14 agus ar Phrionsabal 15 d'Fhorógra Rio maidir leis an gComhshaol agus Forbairt, foráiltear sa Rialachán seo maidir le bearta chun scaoileadh truailleán orgánach marthanach a íoslaghdú agus chun deireadh a chur leis, más féidir, chomh luath agus is féidir, agus bunaítear leis forálacha maidir le dramhaíl a bhfuil aon cheann de na substaintí sin mar chuid di, cuimsithe inti nó ina n-ábhar éillithe di.

Cuirfear an togra in áit an Rialacháin atá ann faoi láthair maidir le POPanna, agus na gealltanais arna dtabhairt ag an Aontas faoin gCoinbhinsiún agus faoin bPrótacal á gcomhlíonadh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níltear ag súil leis go mbeidh impleachtaí móra don bhuiséad ag an togra ós rud é nach dtabharfar aon chúraimí nua isteach nach bhfuil sa Rialachán atá ann faoi láthair maidir le POPanna. Meastar go laghdófar costas foriomlán an chur chun feidhme de bharr aistriú cúraimí áirithe ón gCoimisiún chuig an nGníomhaireacht. Táthar ag súil go ndéanfar laghduithe a bhaint amach sa mheántéarma i bhfianaise na sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le cúraimí eile de chuid na Gníomhaireachta.

Maoineofar na cúraimí a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht i bhfoirm deontais ó bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuimsítear sa togra forálacha maidir le faireachán ar thruailleáin orgánacha mharthanacha agus maidir le tuairisciú faoina monarú, faoina n-úsáid agus faoina n-astaíochtaí. Ina theannta sin, déantar foráil le haghaidh oibleagáidí maidir le faireachán ar fheidhmiú an Rialacháin maidir le POPanna. Is gá freisin plean a chur ar bun agus athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn rialta le haghaidh Coinbhinsiún Stócólm a chur chun feidhme. Ós athmhúnlú é an togra seo ar Rialachán atá ann cheana lena gcuimsítear na heilimintí sin cheana féin, díríonn sé ar thorthaí na Seiceála Oiriúnachta thuasluaite a chur san áireamh ach ní thugann sé riachtanais bhreise isteach maidir le cur chun feidhme, faireachán ná tuairisciú.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Go bunúsach, choinneodh an Rialachán athmhúnlaithe atá beartaithe gach foráil de chuid an Rialacháin reatha maidir le POPanna, lena n-áirítear na cinn siúd a théann níos faide ná ceanglais Choinbhinsiún Stócólm agus an Phrótacail maidir le POPanna. Meastar gur gá leasuithe teicniúla áirithe, áfach, chun soiléireacht agus feidhmiú an Rialacháin a fheabhsú. Is iad seo a leanas na príomhathruithe:

– Athruithe agus soiléirithe maidir le sainmhínithe áirithe (Airteagal 2)

Chun a áirithiú go bhfuil an téarmaíocht a úsáidtear sa Rialachán seo soiléir agus go cloíonn sí le léirmhíniú na téarmaíochta a úsáidtear sa reachtaíocht maidir le ceimiceáin i gcoitinne, rinneadh na sainmhínithe ar 'cur ar an margadh', 'earra', 'substaint', 'dramhaíl', 'diúscairt' agus 'aisghabháil' a leasú. Tá 'meascán' curtha in ionad an téarma 'ullmhóid' chun na hathruithe ar reachtaíocht maidir le ceimiceáin i gcoitinne a léiriú. Meastar é a bheith iomchuí freisin sainmhínithe a chur leis ar 'monarú', 'úsáid' agus 'substaint idirmheánach córais iata atá teoranta de réir suímh'.

– Rannpháirteachas na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (Airteagal 8, Airteagal 16 agus Airteagal 17)

Moladh ról a thabhairt don Ghníomhaireacht i gcur chun feidhme an Rialacháin seo mar gheall ar shaineolas agus ar thaithí na Gníomhaireachta reachtaíocht maidir le ceimiceáin i gcoitinne agus comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le ceimiceáin a meastar iad a bheith thar a bheith inmhianaithe a chur chun feidhme, go háirithe maidir lena rannpháirtíocht reatha i REACH agus i Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

Moltar go n-áiritheofar i ról na Gníomhaireachta rannpháirtíocht in ullmhú teicniúil na sainchomhad maidir le substaintí is féidir leis an gCoimisiún a úsáid, sa chás go molfadh sí faoi réir ag a lánrogha ceann amháin nó níos mó ná sin de na substaintí a liostú mar POPanna i gCoinbhinsiún Stócólm. Go háirithe, déanfaidh an Ghníomhaireacht beart i gcásanna ina meastar go gcomhlíonann substaintí na critéir in Iarscríbhinn D a ghabhann le Coinbhinsiún Stócólm.

Substaintí a bhfuil úsáidí leo a chuimsítear i raon feidhme an cheanglais údarúcháin atá in REACH, agus a mheastar a bheith i gcomhréir leis na critéir atá in Iarscríbhinn D a ghabhann le Coinbhinsiún Stócólm, agus atá sainaitheanta i gcomhréir le hAirteagal 59 de REACH mar gheall ar a marthanacht agus ar a mbithbhailiú, ba cheart na substaintí sin, i gcoitinne, a bheith faoi réir an nós imeachta sriantachta faoi chuimsiú REACH, ach amháin má mheastar bearta rialála eile a bheith níos iomchuí, agus go gcuirtear in iúl go soiléir gur féidir an tsubstaint a chur isteach sa Choinbhinsiún ag céim níos déanaí. Sa chás nach ndearnadh substaintí a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 59 de REACH, ba cheart, i dtosach, iad a bheith faoi réir an nós imeachta um shainaithint nó a bheith faoi réir a measúnaithe ag Coiste na mBallstát atá ag REACH. Ní mór don Ghníomhaireacht a áirithiú go gcuirfear an sainchomhad sriantachta san áireamh agus an sainchomhad maidir le POPanna á ullmhú, lena gclúdófar faisnéis maidir le gach úsáid arb eol go mbaintear as an tsubstaint san Aontas í, de bhreis ar na húsáidí sin a áirítear in REACH. Ar an dóigh sin áiritheofar go ndéanfar an reachtaíocht maidir le ceimiceáin a chur chun feidhme go comhsheasmhach éifeachtúil san Aontas agus go mbeidh comhleanúnachas ann idir an obair a dhéanfar faoi REACH ar shubstaint a d'fhéadfadh a bheith ina POP, agus an obair idirnáisiúnta a dhéanfar chun tacú le Coinbhinsiún Stócólm.

Ba cheart an sainchomhad maidir le POPanna a bheith faoi réir na ngnáthchomhairliúchán le páirtithe leasmhara a dhéanann an Ghníomhaireacht. Is éard is cúis leis an bpróiseas níos faide sin faisnéis ó pháirtithe leasmhara a fháil ag céim luath agus is é an bonn fianaise don Choimisiún é le cinneadh a dhéanamh cibé ar cheart a mholadh an tsubstaint a áireamh mar POP faoin gCoinbhinsiún i ndréacht-Chinneadh de bhun Airteagal 218(9) de Chonradh Liospóin.

– Ról a thabhairt don Fhóram um Malartú Faisnéise faoi Chúrsaí Forfheidhmithe (‘an Fóram’) arna bhunú le REACH (Airteagal 8(2)).

Is éard atá san Fhóram líonra údarás atá freagrach as REACH, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 (CLP) agus Rialachán (CE) 649/2012 (PIC) a fhorfheidhmiú in AE. De thoradh na taithí atá aige i ndáil leis na rialacháin sin maidir le ceimiceáin, meastar é a bheith iomchuí ról a mholadh don Fhóram i gcomhordú na dtascanna forfheidhmiúcháin atá sonraithe sa Rialachán seo.

– Na forálacha sa Rialachán reatha maidir le POPanna a bhaineann le nósanna imeachta coisteolaíochta a chur in oiriúint do nósanna imeachta Chonradh Liospóin (Airteagail 4(3), 7(5), 15, 18)

Rinneadh athbhreithniú ar na forálacha ina dtugtar cumhachtaí áirithe don Choimisiún Eorpach chun teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin a léiriú.

– Na forálacha maidir le tuairisciú agus faireachán a chur in oiriúint;

Tabharfar Airteagal 11 agus Airteagal 13 cothrom le dáta le forálacha níos éifeachtaí lena simpleofar an faireachán. Foráiltear go gcuirfidh na Ballstáit tacar sonraí i bhfeidhm lena mbaileofar sonraí atá

ábhartha maidir leis an Rialachán seo, go háirithe Iarscríbhinn III. Is gá go mbeidh na tacair shonraí spásúla a bhaileofar i gcomhréir le Treoir INSPIRE. Chun na críche sin, foráiltear maidir le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), a mbeidh sé de chúram uirthi freisin na sonraí a thiomsú agus a mheasúnú go rialta agus forléargais de réir Ballstáit agus ar leibhéal AE a chur ar fáil don Choimisiún maidir le cur chun feidhme an Rialacháin.

↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)

2018/0070 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha ~~agus lena leasaítear Treoir 79/117/CEE~~ (athmhúnlú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don ~~Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh~~ ⌦ Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ⌫ , agus go háirithe Airteagal ~~175(1)~~ ⌦ 192(1) ⌫ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

⇩ nua

(1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] a leasú go substaintiúil roinnt uaireanta. Ós rud é gur gá tuilleadh leasuithe a dhéanamh air, ba cheart an Rialachán sin a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~(1) Baineann an Rialachán seo go príomha le cosaint an chomhshaoil agus le cosaint shláinte an duine. Is é Airteagal 175(1) den Chonradh an bunús dlí dá bhrí sin.~~

(2) Is ábhar mór imní don ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ é truailleáin orgánacha mharthanacha ⌦ ("POPanna") ⌫ a bheith á scaoileadh go leanúnach isteach sa chomhshaol. Iompraítear na

[14] Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha agus lena leasaítear Treoir 79/117/CEE, (IO L 158, 30.4.2004, lch. 7).

substaintí ceimiceacha sin thar theorainneacha idirnáisiúnta i bhfad óna bhfoinsí agus fanann siad sa chomhshaol, bithcharnaítear iad tríd an mbia-eangach, agus cuireann siad sláinte an duine agus an comhshaol i mbaol. Dá bhrí sin, ní mór bearta breise a dhéanamh chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar na truailleáin sin.

(3) I bhfianaise na bhfreagrachtaí atá air maidir leis an gcomhshaol a chosaint, ~~shínigh~~ ⌦ d'fhaomh ⌫ an ~~Comhphobal~~ ⌦ tAontas ⌫ an ~~24 Meitheamh 1998~~ ⌦ 19 Feabhra 2004 ⌫ an Prótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha[15] ~~;~~ ~~“~~(an Prótacal’) ~~anseo feasta,~~ agus an ~~22 Bealtaine 2001~~ ⌦ 14 Deireadh Fómhair 2004 ⌫ ~~shínigh~~ ⌦ d'fhaomh ⌫ sé Coinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha(‘an Coinbhinsiún’)~~,~~ ~~‘an Coinbhinsiún’ anseo feasta~~.

~~(4) Cé go bhfuil reachtaíocht curtha i bhfeidhm ar leibhéal an Chomhphobail a bhaineann le truailleáin orgánacha mharthanacha, is iad na príomheasnaimh a bhaineann léi nach bhfuil toirmeasc ar tháirgeadh ná ar úsáid aon cheann de na ceimiceáin atá liostaithe faoi láthair, nó gur neamhiomlán í an reachtaíocht ina leith sin, nach ann do chreat ar bith chun substaintí breise ar truailleáin orgánacha mharthanacha iad a chur faoi réir toirmeasc, srianta nó a ndíothaithe, ná do chreat ar bith chun cosc a chur ar tháirgeadh agus úsáid substaintí nua a léiríonn saintréithe truailleán orgánach marthanach. Níor leagadh síos, go fírinneach, aon spriocanna laghdaithe astaíochtaí ar leibhéal an Chomhphobail agus ní chumhdaítear sna fardail reatha sceoilte na foinsí uile truailleán orgánach marthanach.~~

(4) Chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go comhleanúnach éifeachtach oibleagáidí an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ faoin bPrótacal agus faoin gCoinbhinsiún, is gá creat dlíthiúil comhchoiteann a bhunú, faoina nglacfar bearta arna gceapadh go háirithe chun deireadh a chur le ~~táirgeadh~~ ⇨ monarú ⇦, cur ar an margadh agus úsáid ~~truailleán orgánach marthanach~~ ⌦ POPanna ⌫ ~~a táirgeadh~~ ⇨ a monaraíodh ⇦ d'aon ghnó. Ina theannta sin, ba cheart saintréithe ~~truailleán orgánach marthanach~~ ⌦ POPanna ⌫ a chur san áireamh faoi chuimsiú scéimeanna ábhartha measúnuithe agus údaraithe an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫.

(5) ~~Ba cheart comhordú agus comhleanúnachas a áirithiú~~ ~~a~~Agus cur chun feidhme á dhéanamh ar fhorálacha ⌦ an Choinbhinsiúin ⌫ ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ ⌦ , is gá comhordú agus comhleanúnachas a áirithiú maidir le forálacha ⌫ Choinbhinsiún Rotterdam ⌦ ar an Nós Imeachta i dTaobh Toiliú Feasach a chur in iúl Roimh Ré le haghaidh Ceimiceán Guaiseach agus Lotnaidicídí áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta, a d'fhaomh an tAontas an 19 Nollaig 2002 ⌫ [16] , ~~Choinbhinsiún Stócólm~~ agus ⌦ maidir le forálacha ⌫ Choinbhinsiún Basel ⌦ maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, a d'fhaomh an tAontas an 1 Feabhra 1993 ⌫ [17] ~~.~~ ~~agus~~ ⌦ Ba cheart leanúint den chomhordú agus den chomhleanúnachas sin freisin agus ⌫ páirt á glacadh i ⌦ gcur chun feidhme agus i bhforbairt bhreise ⌫ ~~bhforbairt~~ an Chur Chuige Straitéisigh maidir le Bainistiú Idirnáisiúnta Ceimiceán ⌦ , a glacadh ag an gCéad Chomhdháil Idirnáisiúnta maidir le Bainistiú Ceimiceán in Dubai an 6 Feabhra 2006 ⌫ faoi chuimsiú chreat na Náisiún Aontaithe.

(6) Ina theannta sin, de bhrí go bhfuil prionsabal an réamhchúraim mar atá leagtha amach sa Chonradh ina bhonn taca ag forálacha an Rialacháin seo, agus aird á tabhairt ar ⌦ chur chuige an réamhchúraim i leith chosaint an chomhshaoil mar a leagtar amach é i ⌫ bPh~~h~~rionsabal 15

---

15 IO L 81, 19.3.2004, lch. 37.

16 IO L 63, 6.3.2003, lch. 29 ~~Coinbhinsiún ar an Nós Imeachta i dTaobh Toiliú Feasach a chur in iúl Roimh Ré le haghaidh Ceimiceán Guaiseach agus Lotnaidicídí áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta~~.

17 IO L 39, 16.2.1993, lch. 3 ~~Coinbhinsiún maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt~~.

de Dhearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus Forbairt agus i bhfianaise na haidhme atá ann deireadh a chur, nuair is féidir, le scaoileadh ~~truailleán orgánach marthanach~~ ⌦ POPanna ⌫ isteach sa chomhshaol, is iomchuí i gcásanna áirithe foráil a dhéanamh maidir le bearta rialaithe is déine ná iad siúd faoin bPrótacal agus faoin gCoinbhinsiún.

~~(8) Sa todhchaí, d'fhéadfadh Rialachán REACH atá beartaithe a bheith ina ionstraim iomchuí le cur chun feidhme a dhéanamh ar na bearta rialaithe riachtanacha maidir le táirgeadh, cur ar an margadh agus úsáid na substaintí liostaithe agus ar na bearta rialaithe maidir le ceimiceáin agus lotnaidicídí atá ann cheana agus ceimiceáin agus lotnaidicídí nua, a léiríonn saintréithe truailleán orgánach marthanach. Gan dochar do Rialachán REACH sa todhchaí, áfach, agus ós rud é go bhfuil sé tábhachtach na bearta rialaithe sin ar na substaintí atá liostaithe sa Phrótacal agus sa Choinbhinsiún a chur chun feidhme a luaithe is féidir, ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme sa Rialachán seo faoi láthair.~~

(7) ~~Sa Chomhphobal~~ ⌦ San Aontas ⌫, tá deireadh churtha cheana le cur ar an margadh agus úsáid fhormhór na ~~dtruailleán orgánach marthanach~~ ⌦ POPanna ⌫ a liostaítear sa Phrótacal nó sa Choinbhinsiún mar gheall ar na toirmisc a leagtar síos ⇨ *inter alia*, ⇦ i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18], Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] agus Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20] ~~dTreoir 79/117/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1978 lena dtoirmisctear táirgí cosanta plandaí ina bhfuil substaintí gníomhacha áirithe a chur ar an margadh agus a úsáid[21] agus i dTreoir 76/769/CEE ón gComhairle an 27 Iúil 1976 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le srianta ar shubstaintí agus ar ullmhóidí contúirteacha áirithe a mhargú agus a úsáid[22]~~. Chun oibleagáidí an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ faoin bPrótacal agus faoin gCoinbhinsiún a chomhlíonadh, áfach, agus chun íoslaghdú a dhéanamh ar scaoileadh ~~truailleán orgánach marthanach~~ ⌦ POPanna ⌫, is gá agus is iomchuí freisin ~~táirgeadh~~ ⇨ monarú ⇦ na substaintí sin a thoirmeasc agus díolúintí a shrianadh a mhéid is féidir ionas nach mbeidh feidhm ag díolúintí ach amháin i gcás ina bhfuil feidhm bhunriachtanach ag an tsubstaint in úsáid shonrach.

---

⇩ nua

(8) Ar mhaithe le soiléireacht agus le comhsheasmhacht leis an reachtaíocht eile is ábhartha de chuid an Aontais, ba cheart sainmhínithe áirithe a shonrú agus ba cheart an téarmaíocht a ailíniú

---

18 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

19 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

20 Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

21 ~~IO L 33, 8.2.1979, lch. 36. Treoir arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 807/2003 (IO L 122, 16.5.2003, lch. 36).~~

22 ~~IO L 262, 27.9.1976, lch. 201. Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2004/21/CE ón gCoimisiún (IO L 57, 25.2.2004, lch. 4).~~

leis an téarmaíocht a úsáidtear i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus i dTreoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23].

---

↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(9) Tá onnmhairithe substaintí a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún ~~agus onnmhairithe liondáin~~ rialaithe ag ~~Rialachán (CE) Uimh. 304/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le ceimiceáin chontúirteacha a onnmhairiú agus a allmhairiú~~[24] Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25] ⇨ agus ní gá, dá bhrí sin, díriú a thuilleadh orthu sa Rialachán seo ⇦.

~~(11) Tá táirgeadh agus úsáid heicseaclóraicioglaiheacsáin (HCH), lena n-áirítear liondán, faoi réir srianta faoin bPrótacal ach níl toirmeasc iomlán orthu. Tá an tsubstaint sin fós in úsáid i roinnt Ballstát agus dá bhrí sin ní féidir gach úsáid dá bhfuil ann a thoirmeasc láithreach. I bhfianaise airíonna dochracha HCH agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist lena scaoileadh isteach sa chomhshaol, áfach, ba cheart a tháirgeadh agus a úsáidí a theorannú don mhéid íosta agus deireadh a chur leo de réir a chéile faoi dheireadh na bliana 2007 ar a dhéanaí.~~

(10) Is féidir le stoc-chairn ~~truailleán orgánach marthanach~~ ⌦ POPanna ⌫ atá imithe i léig nó atá á mbainistiú go míchúramach an comhshaol agus sláinte an duine a chur i mbaol mór de dheasca éilliú na hithreach agus an screamhuisce mar shampla. Is iomchuí, dá bhrí sin, ⌦ rialacha a leagan síos maidir le bainistiú stoc-carn den sórt sin atá níos doichte ná na rialacha ⌫ ~~forálacha a ghlacadh lena dtéitear níos faide ná na forálacha~~ a leagtar síos sa Choinbhinsiún. Ba cheart caitheamh le stoc-chairn substaintí toirmiscthe amhail is gur dramhaíl iad, agus ba cheart fógra a thabhairt do na húdaráis faoi stoc-chairn substaintí ar ceadmhach go fóill iad a ~~tháirgeadh~~ ⇨ mhonarú ⇦ nó a úsáid, agus maoirseacht chuí a dhéanamh orthu. Go háirithe, ba cheart stoc-chairn atá ann cheana arb éard atá iontu nó ina bhfuil ~~truailleáin orgánacha mharthanacha~~ ⌦ POPanna ⌫ atá toirmiscthe a bhainistiú amhail is gur dramhaíl iad a luaithe is féidir. ~~Má dhéantar substaintí eile a thoirmeasc sa todhchaí, ba cheart a gcuid stoc a scrios freisin gan mhoill agus níor cheart aon stoc-chairn nua a charnadh. I bhfianaise na bhfadhbanna faoi leith atá ag Ballstáit nua áirithe, ba cheart cúnamh airgeadais agus cúnamh teicniúil leordhóthanach a sholáthar trí ionstraimí airgeadais Comhphobail atá ann cheana, ar nós na gCistí Comhtháthaithe agus na gCistí Struchtúracha.~~

(11) I gcomhréir ~~leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Straitéis Chomhphobail i ndáil le Dé-ocsainí, Fúráin agus Défheinilí Polaclóirínithe (PCBanna)~~[26] ~~agus~~ leis an bPrótacal agus leis an gCoinbhinsiún, ba cheart cásanna scaoilte ~~truailleán orgánach marthanach~~ ⌦ POPanna ⌫ ar fotháirgí neamhbheartaithe de phróisis thionsclaíocha iad a shainaithint agus a laghdú a luaithe is féidir agus é ina aidhm dheiridh iad a dhíothú, nuair is féidir. Ba cheart pleananna gníomhaíochta náisiúnta iomchuí, lena gcumhdófar gach foinse agus gach beart, lena n-áirítear iad siúd dá bhforáiltear faoin reachtaíocht atá ag an ~~gComhphobal~~

---

[23] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

[24] ~~IO L 63, 6.3.2003, lch. 1. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 775/2004 (IO L 123, 27.4.2004, lch. 27).~~

[25] Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le ceimiceáin ghuaiseacha a onnmhairiú agus a allmhairiú (IO L 201, 27.7.2012, lch. 60).

[26] ~~IO C 322, 17.11.2001, lch. 2.~~

⌦ Aontas ⌫ cheana, ~~a dhréachtú agus~~ a chur chun feidhme ⌦ agus a fhorbairt ⌫ chun ~~na~~ cásanna scaoilte ⌦ den sórt sin ⌫ a laghdú go leanúnach agus go costéifeachtach ~~a luaithe is féidir~~. Chun na críche sin, ba cheart uirlisí iomchuí a fhorbairt faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin.

(12) ~~I gcomhréir leis an Teachtaireacht sin, bBa~~ cheart cláir agus sásraí iomchuí a bhunú ⌦ nó a choinneáil, de réir mar is cuí, ⌫ chun sonraí faireacháin iomchuí a chur ar fáil i dtaobh láithreacht dé-ocsainí, fúrán, ~~agus~~ ⌦ défheinilí polaclóirínithe ⌫ (PCBanna) ⇨ agus POPanna ábhartha eile ⇦ sa chomhshaol. Is gá a áirithiú, áfach, go mbeidh uirlisí iomchuí ar fáil agus gur féidir úsáid a bhaint astu faoi dhálaí atá inmharthana ón taobh geilleagrach agus an taobh teicniúil de.

(13) Faoin gCoinbhinsiún, ní mór an cion ~~truailleáin orgánaigh mharthanaigh~~ ⌦ POPanna ⌫ i ndramhaíl a dhíothú nó a chlaochlú ar bhealach do-aisiompaithe ina shubstaintí nach bhfuil saintréithe den chineál céanna acu, ach amháin sa chás ina bhfuil oibríochtaí eile níos fearr ó thaobh an chomhshaoil de. ⌦ Ionas go gcomhlíonfaidh an tAontas na hoibleagáidí atá air faoin gCoinbhinsiún, is gá rialacha sonracha a leagan síos maidir leis ⌫ ~~Ós rud é nach leagtar síos i reachtaíocht reatha an Chomhphobail maidir le dramhaíl rialacha sonracha i leith~~ na substaintí sin~~, ba cheart iad a leagan síos sa Rialachán seo~~. Chun leibhéal ard cosanta a áirithiú, ba cheart teorainneacha coiteanna tiúchana do na substaintí atá i ndramhaíl a leagan síos ~~roimh an 31 Nollaig 2005~~ ⇨ , agus ba cheart faireachán a dhéanamh orthu agus iad a fhorfheidhmiú ⇦ .

(14) An dramhaíl arb éard atá inti ~~truailleáin orgánacha mharthanacha~~ ⌦ POPanna ⌫, ina bhfuil ~~truailleáin orgánacha mharthanacha~~ ⌦ POPanna ⌫ nó atá éillithe ag ~~truailleáin orgánacha mharthanacha~~ ⌦ POPanna ⌫, ~~aithnítear a thábhachtaí atá sé~~ ⌦ tá sé tábhachtach ⌫ í a aithint agus a scaradh ag an bhfoinse ionas go n-íoslaghdófar leathadh na gceimiceán sin chuig dramhaíl eile. ~~Faoi Threoir 91/689/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le dramhaíl ghuaiseach[27],~~ Le Treoir 2008/98/CE ~~bunaíodh~~ ⌦ bunaítear ⌫ rialacha ~~Comhphobail~~ ⌦ de chuid an Aontais ⌫ maidir le bainistíocht dramhaíola guaisí faoina leagtar d'oibleagáid ar na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh lena cheangal ar bhunaíochtaí agus ar ghnóthais a dhéanann dramhaíl ghuaiseach a dhiúscairt, a aisghabháil, a bhailiú nó a iompar, nach measfaidh siad catagóirí éagsúla dramhaíola guaisí ná nach measfaidh siad dramhaíl ghuaiseach le dramhaíl neamhghuaiseach.

---

⇩ nua

(15) Is gá a áirithiú go gcomhordófar agus go mbainisteofar go héifeachtúil gnéithe teicniúla agus riaracháin an Rialacháin seo ar leibhéal an Aontais. Is ag an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht"), a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, atá an inniúlacht agus an taithí reachtaíocht an Aontais maidir le ceimiceáin agus comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le ceimiceáin a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit agus don Ghníomhaireacht cúraimí a dhéanamh i dtaca leis na gnéithe riaracháin, teicniúla agus eolaíocha de chur chun feidhme an Rialacháin seo agus i dtaca le malartú faisnéise. Ba cheart é a bheith mar chuid de ról na Gníomhaireachta sainchomhaid theicniúla a ullmhú agus a scrúdú, lena n-áirítear comhairliúcháin le geallsealbhóirí, agus tuairimí a tharraingt suas a bhféadfadh an Coimisiún a úsáid agus cinneadh á dhéanamh aige an gcuirfidh sé moladh chun cinn substaint áirithe a liostú mar POP de réir an Choinbhinsiúin nó an Phrótacail. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún, do na Ballstáit agus don Ghníomhaireacht comhoibriú chun oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais faoin gCoinbhinsiún a chur chun feidhme go héifeachtach.

---

[27] ~~IO L 377, 31.12.1991, lch. 20. Treoir arna leasú le Treoir 94/31/CE (IO L 168, 2.7.1994, lch. 28).~~

🡻 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(16) Foráiltear sa Choinbhinsiún go dtarraingeoidh gach Páirtí suas plean maidir le cur chun feidhme a chuid oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún ⇨ agus go bhféachfaidh sé leis an bplean sin a chur chun feidhme, de réir mar is iomchuí ⇦. Ba cheart do na Ballstáit deiseanna rannpháirtíochta a chur ar fáil don phobal agus a bpleananna cur chun feidhme á dtarraingt suas ⇨ , á gcur chun feidhme agus á dtabhairt cothrom le dáta ⇦ acu. Ós rud é go bhfuil inniúlacht chomhroinnte ag an ~~gComhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ agus na Ballstáit maidir leis sin, ba cheart pleananna cur chun feidhme a tharraingt suas ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ araon. Ba cheart comhoibriú agus malartú faisnéise idir an Coimisiún ⇨ , an Ghníomhaireacht ⇦agus údaráis na mBallstát a chur chun cinn.

⇩ nua

(17) Na substaintí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I nó i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, níor cheart monarú ná úsáid na substaintí sin mar shubstaintí idirmheánacha córais iata atá teoranta de réir suímh a cheadú, ach amháin má tá nóta mínithe maidir leis sin curtha isteach go sainráite san Iarscríbhinn agus má dheimhníonn an monaróir don Bhallstát lena mbaineann go ndéantar an tsubstaint a mhonarú agus a úsáid i ndálaí atá rialaithe go dian, agus sna dálaí sin amháin.

🡻 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(18) I gcomhréir leis an gCoinbhinsiún agus leis an bPrótacal, ba cheart faisnéis maidir le ~~truailleáin orgánacha mharthanacha~~ ⌦ POPanna ⌫ a sholáthar do Pháirtithe eile ⌦ sna Comhaontuithe sin ⌫ . Ba cheart malartú faisnéise le tríú tíortha nach bhfuil ina bpáirtithe sna Comhaontuithe sin a chur chun cinn chomh maith.

(19) ⌦ Ós rud é ⌫ gur~~Is~~ minic nach mbíonn an pobal feasach ar na guaiseacha a bhaineann le ~~truailleáin orgánacha mharthanacha~~ ⌦ POPanna ⌫ do shláinte na nglún atá suas anois agus na nglún atá le teacht, agus don chomhshaol, go háirithe i dtíortha atá i mbéal forbartha, ~~agus dá bhrí sin~~ tá gá le faisnéis fhorleathan chun cur leis an leibhéal cúraim agus ~~tacaíocht a chothú do~~ ⇨ le tuiscint an phobail ar an réasúnaíocht taobh thiar de ⇦ shrianta agus de thoirmisc ~~toirmise~~. I gcomhréir leis an gCoinbhinsiún, ba cheart feachtais múscailte feasachta i dtaobh na substaintí sin, go háirithe do na grúpaí is leochailí, chomh maith le hoiliúint oibrithe, eolaithe, oideachasóirí, oibrithe teicniúla agus lucht bainistíochta a chur chun cinn agus a éascú, de réir mar is iomchuí.

⇩ nua

(20) Chun forbairt boinn eolais chuimsithigh a chur chun cinn maidir le nochtadh do cheimiceáin agus tocsaineacht, i gcomhréir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2020 dar teideal "Muid ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid" (an 7ú Clár

Gníomhaíochta Comhshaoil)[28], tá an tArdán Faisnéise do Fhaireachán ar Cheimiceáin bunaithe ag an gCoimisiún[29]. Ba cheart úsáid an ardáin sin a chur chun cinn mar bhealach do na Ballstáit a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le sonraí faoi theagmhais cheimiceacha a thuairisciú agus a n-oibleagáidí tuairiscithe a shimpliú agus a laghdú.

---

↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(21) Ar iarratas agus faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, ba cheart don Choimisiún ⇨ , don Ghníomhaireacht ⇦ agus do na Ballstáit comhoibriú i dtaobh cúnamh teicniúil iomchuí, prapúil a sholáthar, cúnamh a bheadh saincheaptha chun cur le cumas tíortha atá i mbéal forbartha agus le cumas tíortha a bhfuil a ngeilleagair ag athrú an Coinbhinsiún a chur chun feidhme. Ba cheart a bheith ar áireamh mar chuid den chúnamh teicniúil forbairt agus cur chun feidhme táirgí, modhanna agus straitéisí malartacha cuí, ~~inter alia, in ionad úsáid a bhaint as DDT chun veicteoir galair a rialú, rud is amhlaidh,~~ de réir an Choinbhinsiúin, ~~nach féidir a úsáid ach amháin i gcomhréir le moltaí agus treoirlínte ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus~~ ⇨ chun a áirithiú nach bhféadfar POPanna a úsáid ach amháin ⇦ nuair nach bhfuil roghanna sábháilte éifeachtacha ar phraghas réasúnta ar fáil go háitiúil don tír atá i gceist.

~~(22)~~ Ba cheart meastóireacht thráthrialta a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar chun cásanna scaoilte ~~truailleán orgánach marthanach~~ ⌦ POPanna ⌫ a laghdú. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit tuairisciú go tráthrialta ⇨ , i bhfoirm chaighdeánaithe, ⇦ don ~~Choimisiún~~ ⇨ Ghníomhaireacht ⇦, go háirithe maidir le fardail scaoilte, maidir le stoc-chairn ar tugadh fógra fúthu agus maidir le substaintí srianta ~~a tháirgeadh~~ ⇨ a mhonarú ⇦ agus a chur ar an margadh. ~~Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, formáid chomhchoiteann a fhorbairt i gcomhair thuarascálacha na mBallstát.~~

---

⇩ nua

(23) Chun aghaidh a thabhairt ar an ngá le faisnéis faoi chur chun feidhme agus faoi chomhlíonadh, ba cheart córas malartach a thabhairt isteach le haghaidh faisnéis a bhailiú agus a chur ar fáil, lena gcuirfí san áireamh torthaí na Tuarascála ón gCoimisiún maidir le Gníomhaíochtaí Chun an Tuairisciú Comhshaoil a Chuíchóiriú[30] agus na Seiceálacha Oiriúnachta a bhaineann leis an tuarascáil sin. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit na sonraí ábhartha uile a chur ar fáil. Ba cheart a áirithiú ar an dóigh sin go gcoinneofar an t-ualach riaracháin ar na heintitis uile chomh teoranta agus is féidir. Is gá craobhscaoileadh gníomhach ar an leibhéal náisiúnta a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31] agus le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (INSPIRE)[32], chun a áirithiú go bhfuil an bonneagar iomchuí ann le haghaidh rochtain an phobail, tuairisciú agus comhroinnt sonraí idir údaráis phoiblí. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit agus don

---

[28] IOAE L 354, 28.12.2013, lch. 171.
[29] https://ipchem.jrc.ec.europa.eu/RDSIdiscovery/ipchem/index.html and doc. 9705/16 - SWD(2016) 188 final.
[30] COM (2017) 312 atá le fáil ag: http://ec.europa.eu/environment/legal/reporting/pdf/action_plan_env_issues.pdf
[31] Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain an phobail ar fhaisnéis chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).
[32] Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

Ghníomhaireacht na sonraíochtaí do shonraí spásúla a bhunú ar na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoi Threoir 2007/2/CE.

---

↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)

~~(24)~~ Foráiltear leis an gCoinbhinsiún agus leis an bPrótacal go bhféadfaidh na Páirtithe iontu substaintí ~~eile~~ ⌦ breise ⌫ a mholadh le haghaidh gníomhaíocht idirnáisiúnta agus, dá thoradh sin, is féidir substaintí breise a liostú faoi na Comhaontuithe sin~~.~~ ~~agus sa chás~~ ⌦ I gcásanna den sórt sin, ⌫ ba cheart an Rialachán seo a leasú dá réir. ~~Thairis sin, ba cheart é a bheith indéanta na hiontrálacha atá cheana sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a mhodhnú, inter alia chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.~~

---

⇩ nua

(25) Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun monarú agus úsáid mar shubstaint idirmheánach córais iata atá teoranta de réir suímh a cheadú i gcás substaint a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I nó i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, más iomchuí, chun teorainneacha tiúchana a leagan síos i gcás substainte chun críocha Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn V agus chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun iad a chur in oiriúint d'aon athrú ar an liosta de shubstaintí a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún nó leis an bPrótacal agus chun iontrálacha nó forálacha atá sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo cheana a choigeartú chun iad a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

(26) Tá sé an-tábhachtach go ndéanfadh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle gach doiciméad a fháil ag an am céanna le saineolaithe na mBallstát, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe na ngrúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin atá ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)

(27) Nuair a dhéantar Iarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun ⌦ liostú ⌫ ~~liostuithe~~ aon ~~truailleáin orgánaigh mharthanaigh~~ ⌦ POP ⌫ breise, a tháirgtear d'aon ghnó, a chur chun feidhme sa Phrótacal nó sa Choinbhinsiún, níor cheart ~~é~~ ⌦ an liostú sin ⌫ a áireamh in Iarscríbhinn II, seachas in Iarscríbhinn I, ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

~~(24) Maidir leis na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos nósanna imeachta maidir le feidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún .~~

⇩ nua

(28) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun bearta breise a ghlacadh i ndáil le bainistiú dramhaíola agus chun an fhaisnéis íosta a shonrú a bheidh le soláthar ag na Ballstáit agus faireachán á dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33].

🡻 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(29) Chun trédhearcacht, neamhchlaontacht agus comhsheasmhacht a áirithiú ar leibhéal na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le pionóis is infheidhme i leith sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, toisc go bhféadfadh dochar do shláinte an duine agus don chomhshaol a bheith ina thoradh ar neamhchomhlíonadh. ⇨ Chun a áirithiú go ndéanfar an Rialachán seo a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach agus go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit gníomhaíochtaí ábhartha a chomhordú agus faisnéis a mhalartú san Fhóram um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú arna bhunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. ⇦ Ba cheart faisnéis maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo a phoibliú, más iomchuí.

(30) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, mar atá an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint ar ~~thruailleáin orgánacha mharthanacha~~ ⌦ POPanna ⌫ , a ghnóthú go leordhóthanach, mar gheall ar éifeachtaí trasteorann na dtruailleán sin, agus dá bhrí sin, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫, féadfaidh an ~~Comhphobal~~ ⌦ tAontas ⌫ bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ⌦ ar an Aontas Eorpach ⌫ . I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

~~I bhfianaise a bhfuil luaite thuas, ba cheart Treoir 79/117/CEE a leasú,~~

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH

*Airteagal 1*

**~~Cuspóir agus raon feidhme~~ ⌦ Ábhar ⌫**

~~1. Agus prionsabal an réamhchúraim, go háirithe, á chur san áireamh, is é cuspóir~~ ⌦ Leagtar síos ⌫ sa Rialachán ~~an Rialacháin~~ seo ⌦ rialacha a bhfuil prionsabal an réamhchúraim mar bhonn agus mar thaca acu, maidir le ⌫ sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar ~~thruailleáin orgánacha mharthanacha~~ ⌦ POPanna ⌫ trí ~~tháirgeadh~~ ⇨ mhonarú ⇦ , cur ar an margadh agus úsáid a

[33] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

thoirmeasc, a chéimniú amach a luaithe is féidir nó a shrianadh i gcás substaintí atá faoi réir Choinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha, 'an Coinbhinsiún' anseo feasta, nó faoi réir an Phrótacail a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha, 'an Prótacal' anseo feasta, agus trí íoslaghdú a dhéanamh ar scaoileadh substaintí den sórt sin, d'fhonn deireadh a chur leis a luaithe is féidir más indéanta, agus trí fhorálacha a leagan síos maidir le dramhaíl arb éard atá inti aon cheann de na substaintí sin, ina bhfuil aon cheann díobh nó atá éillithe ag aon cheann díobh.

~~2. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 ná Airteagal 4 maidir le dramhaíl arb éard atá inti aon substaint a liostaítear in Iarscríbhinn I nó Iarscríbhinn II, ina bhfuil aon substaint díobh sin nó atá éillithe ag aon substaint díobh sin.~~

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo:

(a) ciallaíonn "cur ar an margadh" soláthar nó cur ar fáil ~~, cibé acu le haghaidh íocaíochta nó saor in aisce,~~, do thríú páirtí ⌦ , bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce ⌫. Measfar ~~freisin~~ go bhfuil allmhairí isteach i gcríoch chustaim an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ ~~curtha~~ ⌦ á gcur ⌫ ar an margadh;

(b) ciallaíonn 'earra' réad atá comhdhéanta de shubstaint agus/nó ~~ullmhóid~~ ⌦ meascán ⌫ amháin nó níos mó agus ar a gcuirtear cuma, dromchla nó dearadh ~~ar leith~~ ⌦ speisialta ⌫ le linn a tháirgthe ar mó a mbraitheann an fheidhm ~~úsáide deiridh~~ atá leis orthu sin ná ar an gcomhdhéanamh ceimiceach;

(c) ciallaíonn "substaint" ~~substaint mar a shainmhínítear é in Airteagal 2 de Threoir 67/548/CEE ón gComhairle~~[34] ⌦ dúil cheimiceach agus a comhdhúile atá ina staid nádúrtha nó a fhaightear trí aon phróiseas monaraíochta, lena n-áirítear aon bhreiseán is gá chun a cobhsaíocht a chaomhnú nó aon eisíontas a dhíorthaíonn ón bpróiseas a úsáidtear, ach gan aon tuaslagóir a áireamh a fhéadfar a scaradh amach gan difear a dhéanamh do chobhsaíocht na substainte nó gan athrú a dhéanamh ar a comhdhéanamh ⌫ ;

(d) ciallaíonn ~~'ullmhóid' ullmhóid mar a shainmhínítear é in Airteagal 2 de Threoir 67/548/CEE~~ ⌦ 'meascán' meascán nó tuaslagán atá comhdhéanta de dhá shubstaint nó níos mó ⌫;

---

⇩ nua

(e) ciallaíonn "monarú" substaintí a tháirgeadh nó a eastóscadh ina staid nádúrtha;

(f) ciallaíonn "úsáid" earra a phróiseáil, a fhoirmliú, a thomhailt, a stóráil, a choimeád, a chóireáil, a chur i gcoimeádáin, a aistriú ó choimeádán amháin go coimeádán eile, a mheascadh, a tháirgeadh nó a úsáid ar aon slí eile;

---

[34] ~~Treoir 67/548/CEE ón gComhairle an 27 Meitheamh 1967 maidir le comhfhogasú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin i ndáil le haicmiú, pacáistiú agus lipéadú substaintí contúirteacha (IO 196, 16.8.1967, lch. 1). Treoir arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 807/2003 ón gComhairle.~~

| |
|---|
| ⇓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe) |

(~~g~~e) ciallaíonn ‘dramhaíl’ ⌦ aon substaint nó réad a chaithfidh an sealbhóir i vásta nó a bhfuil sé beartaithe aige nó de cheangail air a chaitheamh i vásta ⌫ ~~dramhaíl mar a shainmhínítear é in Airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle~~[35] ;

(h~~f~~) ciallaíonn ‘diúscairt’ ⌦ aon oibríocht nach aisghabháil í fiú i gcás ina mbeidh gnóthú substaintí nó fuinnimh ina toradh tánaisteach uirthi ⌫ ~~diúscairt mar a shainmhínítear é in Airteagal 1(e) de Threoir 75/442/CEE~~;

(i~~g~~) ciallaíonn ‘aisghabháil’ ⌦ aon oibríocht arb é a príomhthoradh go mbaintear úsáid fhónta as dramhaíl trína cur in ionad ábhair eile a mbainfí feidhm ar leith astu murach sin, nó go n-ullmhaítear dramhaíl chun an fheidhm sin a bhaint aisti, sa ghléasra nó sa gheilleagar i gcoitinne ⌫ ~~aisghabháil mar a shainmhínítear é in Airteagal 1(f) de Threoir 75/442/CEE~~.;

| |
|---|
| ⇩ nua |

(j) ciallaíonn 'substaint idirmheánach córais iata atá teoranta de réir suímh' substaint a mhonaraítear le haghaidh próiseáil cheimiceach agus a ídítear nó a úsáidtear le linn na próiseála sin chun go ndéanfar í a chlaochlú i substaint eile amháin nó níos mó agus i gcás ina ndéantar monarú na substainte idirmheánaí agus claochlú na substainte sin i substaint amháin eile nó níos mó ar aon suíomh amháin i ndálaí atá rialaithe go dian sa dóigh go gcoinnítear go docht faoi iamh í ar mhodhanna teicniúla feadh a saolré ina iomláine.

| |
|---|
| ⇓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

*Airteagal 3*

**~~Táirgeadh~~ ⌦ Monarú ⌫, cur ar an margadh agus úsáid a rialú**

1. Déanfar ⇨ monarú ⇦ ~~táirgeadh~~, cur ar an margadh agus úsáid na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I, bídís leo féin, ~~in ullmhóidí~~ ⌦ i meascáin ⌫ nó ina gcomhábhair earraí, a thoirmeasc.

2. Déanfar ~~táirgeadh~~ ⇨ monarú ⇦, cur ar an margadh agus úsáid na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn II, bídís leo féin, ~~in ullmhóidí~~ ⌦ i meascáin ⌫ nó ina gcomhábhair earraí, a shrianadh i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha amach san Iarscríbhinn sin.

3. Cuirfidh na Ballstáit agus an Coimisiún san áireamh, sna scéimeanna measúnuithe agus údaraithe le haghaidh ~~ceimiceáin agus lotnaidicídí atá ann cheana agus ceimiceáin agus lotnaidicídí nua~~ ⌦ substaintí atá ann cheana nó atá nua ⌫, faoin reachtaíocht ábhartha de chuid an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫, na critéir a leagtar amach i mír 1 d'Iarscríbhinn D a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus glacfaidh siad bearta iomchuí chun ceimiceáin agus lotnaidicídí atá ann cheana a rialú agus chun táirgeadh, cur ar an margadh agus úsáid a chosc i gcás ceimiceáin agus lotnaidicídí nua, ar léir saintréithe ~~truailleán orgánach marthanach~~ ⌦ POPanna ⌫ orthu.

[35] ~~Treoir 75/442/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1975 maidir le dramhaíl (IO L 194, 25.7.1975, lch. 39). Treoir arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).~~

*Airteagal 4*

**Díolúintí ó bhearta rialaithe**

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) substaint a úsáidtear le haghaidh taighde ar scála saotharlainne nó mar chaighdeán tagartha;

(b) substaint a bhíonn ann mar rian-éilleán neamhbheartaithe i substaintí, ~~in ullmhóidí~~ ⌦ i meascáin ⌫ nó in earraí~~.~~:

---

⇩ nua

(c) dramhaíl arb éard atá inti aon substaint a liostaítear in Iarscríbhinn I nó Iarscríbhinn II, ina bhfuil aon substaint díobh sin nó atá éillithe ag aon substaint díobh sin.

---

🡻 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

2. ⇨ I gcás na substainte a chuirfear le hIarscríbhinn I nó le hIarscríbhinn II tar éis an [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ⇦ ~~N~~ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 ⇨ ar feadh tréimhse sé mhí ⇦ ~~i ndáil le substaintí atá~~ ⌦ má tá an tsubstaint ⌫ ina comhábhar in earraí arna dtáirgeadh ⇨ roimh an dáta nó ar an dáta a mbeidh an Rialachán seo infheidhme maidir leis an tsubstaint sin ⇦ ~~roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo nó ar an dáta sin go ceann sé mhí tar éis an dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm~~.

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 i gcás na substainte atá ina comhábhar in earraí atá in úsáid cheana ~~roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo nó ar an dáta sin~~ ⇨ roimh an dáta nó ar an dáta a mbeidh an Rialachán seo nó Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 infheidhme maidir leis an tsubstaint sin, pé dáta is túisce ⇦ .

A luaithe a gheobhaidh sé amach faoi earraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír, áfach, cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ⇨ agus an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán arna bunú le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ("an Ghníomhaireacht") ⇦ ar an eolas dá réir sin.

Aon uair a chuirfear an Coimisiún ar an eolas amhlaidh nó aon uair a gheobhaidh sé amach ar shlí eile faoi earraí den sórt sin, tabharfaidh sé fógra, más iomchuí, do Rúnaíocht an Choinbhinsiúin dá réir sin gan a thuilleadh moille.

3. I gcás ina liostaítear substaint i gCuid A d'Iarscríbhinn I nó i gCuid A d'Iarscríbhinn II, tabharfaidh an Ballstát ar mian leis cead a thabhairt, go dtí an spriocdháta a shonraítear san Iarscríbhinn ábhartha, an tsubstaint sin a ~~tháirgeadh~~ ⇨ mhonarú ⇦ agus a úsáid mar shubstaint idirmheánach córais iata atá teoranta de réir suímh, tabharfaidh sé fógra dá réir sin do Rúnaíocht an Choinbhinsiúin.

Ní fhéadfar an fógra sin a thabhairt, áfach, ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go mbeidh nóta mínithe curtha isteach san Iarscríbhinn ábhartha ⇨ , trí bhíthin gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 18, ⇦ ina sonraítear go sainráite go bhféadfar ~~táirgeadh~~ ⇨ monarú ⇦ agus úsáid na substainte sin a cheadú;

(b) ⇨ go léireoidh an monaróir ⇦ go gclaochlóidh an próiseas monaraíochta an tsubstaint i substaint amháin eile nó níos mó nach léir saintréithe ~~truailleáin orgánaigh mharthanaigh~~ ⌦ POP ⌫ uirthi;

~~(c) nach bhfuiltear ag súil go mbeidh daoine ná an comhshaol nochta d'aon chainníochtaí suntasacha den tsubstaint le linn a táirgthe agus a húsáide, mar a thaispeántar trí mheasúnú ar an gcóras iata sin i gcomhréir le Treoir 2001/59/CE ón gCoimisiún[36].~~

---

⇩ nua

(c) go ndeimhneoidh an monaróir go bhfuil an tsubstaint ina substaint idirmheánach córais iata atá teoranta de réir suímh i gcomhréir le brí Airteagal 2(j).

---

🡻 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

Déanfar an fógra sin a chur in iúl freisin do na Ballstáit eile ~~, agus~~ don Choimisiún ⇨ agus don Ghníomhaireacht ⇦ agus tabharfar sonraí ann i dtaobh ~~tháirgeacht~~ ⇨ mhonarú ⇦ agus úsáid iomlán, iarbhír nó measta, na substainte lena mbaineann agus cineál an phróisis córais iata atá teoranta de réir suímh, lena sonrófar méid aon rian-éillithe neamhbheartaithe neamhchlaochlaithe sa táirge deiridh ag aon ábhar tosaithe ar ~~truailleáin orgánaigh mharthanaigh~~ ⌦ POP ⌫ é.

⇨ Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 ⇦ ⌦ chun ⌫ ~~Féadfar~~ na spriocdhátaí ⌦ i nóta mínithe ⌫ dá dtagraítear sa ~~chéad fhomhír~~ dara fomhír a leasú i gcásanna ina ndéanfar, tar éis athfhógra ón mBallstát lena mbaineann chuig Rúnaíocht an Choinbhinsiúin, toiliú sainráite nó intuigthe faoin gCoinbhinsiún a thabhairt chun leanúint de ~~tháirgeadh~~ ⇨ mhonarú ⇦ agus úsáid na substainte ar feadh tréimhse eile.

---

⇩ nua

4. Ní bheidh feidhm ag mír 2 ná ag mír 3 maidir le dramhaíl arb éard atá inti aon substaint a liostaítear in Iarscríbhinn I nó Iarscríbhinn II, ina bhfuil aon substaint díobh sin nó atá éillithe ag aon substaint díobh sin.

---

🡻 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 5*

**Stoc-chairn**

1. Déanfaidh sealbhóir stoc-chairn, arb éard atá ann aon substaint a liostaítear in Iarscríbhinn I nó in Iarscríbhinn II nó ina bhfuil aon substaint díobh sin, nach bhfuil aon úsáid ceadaithe ina leith, an stoc-charn sin a bhainistiú amhail is gur dramhaíl é agus i gcomhréir le hAirteagal 7.

---

[36] ~~Treoir 2001/59/CEE ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2001 maidir le oiriúnú don dul chun cinn teicniúil a dhéanamh den 28ú uair ar Threoir 67/548/CEE ón gComhairle maidir le comhfhogasú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin i ndáil le haicmiú, pacáistiú agus lipéadú substaintí contúirteacha (IO 225, 21.8.2001, lch. 1).~~

2. Déanfaidh sealbhóir stoc-chairn is mó ná 50 kg, arb éard atá ann aon substaint a liostaítear in Iarscríbhinn I nó in Iarscríbhinn II nó ina bhfuil aon substaint díobh sin, agus a gceadaítear a húsáid, faisnéis a chur ar fáil d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an stoc-charn bunaithe ar chineál agus méid an stoc-chairn sin. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de 12 mhí tar éis ⇨ an dáta a mbeidh an Rialachán seo nó ⇦ ~~theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo~~ ⌦ Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ⌫ ⇨ infheidhme maidir leis an tsubstaint sin, pé dáta is túisce i gcás an tsealbhóra, ⇦ agus tar éis leasuithe ⌦ ábhartha ⌫ ar Iarscríbhinn I nó ar Iarscríbhinn II agus in aghaidh na bliana ina dhiaidh go dtí an spriocdháta atá sonraithe in Iarscríbhinn I nó Iarscríbhinn II i leith úsáid shrianta.

Bainisteoidh an sealbhóir an stoc-charn ar shlí atá sábháilte, éifeachtúil agus fónta ó thaobh an chomhshaoil.

3. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar úsáid agus ar bhainistiú stoc-charn ar tugadh fógra ina leith.

*Airteagal 6*

**Scaoileadh a laghdú, a íoslaghdú agus a dhíothú**

1. Laistigh de dhá bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ⌦ nó Rialachán (CE) Uimh. 850/2004, ⌫ ⇨ pé dáta is túisce ⇦, tarraingeoidh na Ballstáit suas fardail ~~scaoilte~~ le haghaidh na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn III ⌦ arna scaoileadh ⌫ san aer, san uisce agus sa talamh i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá orthu faoin gCoinbhinsiún agus faoin bPrótacal, agus déanfaidh siad na fardail sin a choinneáil ⌦ ina dhiaidh sin ⌫.

2. An scaoileadh iomlán ⌦ substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn III ⌫ ~~arna fhorbairt~~ ⌦ arna dtaifeadadh sna fardail a tharraing na Ballstáit suas ⌫ i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá ~~ar an mBallstát~~ ⌦ orthu ⌫ faoin gCoinbhinsiún, déanfaidh ~~an Ballstát a phlean~~ ⌦ na Ballstáit a bpleananna ⌫ gníomhaíochta le haghaidh bearta chun an scaoileadh iomlán sin a shainaithint, a thréithriú agus a íoslaghdú, d'fhonn deireadh a chur leis a luaithe is féidir más féidir, a chur in iúl don Choimisiún ⇨ , don Ghníomhaireacht ⇦ agus do na Ballstáit eile ~~araon~~ mar chuid dá ~~phlean~~ ⌦ bpleananna ⌫ cur chun feidhme náisiúnta, de bhun Airteagal 9 ~~8~~.

Áireofar ~~sa phlean~~ ⌦ sna pleananna ⌫ gníomhaíochta ⌦ sin ⌫ bearta chun forbairt ~~ábhar, táirgí~~ ⇨ substaintí, meascán, earraí ⇦ agus próiseas a chur chun cinn, agus, i gcás ina measfar gur cuí é, ceanglófar ann ~~ábhair, táirgí~~ ⇨ substaintí, meascáin, earraí ⇦ agus próisis ionadaíocha nó mhodhnaithe a úsáid chun foirmiú agus scaoileadh ~~na~~ substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn III a chosc.

3. Agus na Ballstáit ag breithniú tograí chun saoráidí nua a thógáil nó chun modhnú nach beag a dhéanamh ar shaoráidí atá ann cheana ina mbaintear úsáid as próisis ina scaoiltear ceimiceáin a liostaítear in Iarscríbhinn III, ~~gan dochar do Threoir 1996/61/CE[37],~~ tabharfaidh siad tús áite ina mbreithniú do phróisis, teicnící nó cleachtais mhalartacha atá inchurtha ó thaobh fóinte de ach a sheachnaíonn foirmiú agus scaoileadh substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn III⌦ , gan dochar do Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38] ⌫ .

*Airteagal 7*

**Bainistiú dramhaíola**

[37] ~~Treoir 96/61/CEE ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 1996 maidir le cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú (IO L 257, 10.10.1996, lch. 26). Treoir arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ón gComhairle.~~

[38] Treoir 2010/75/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

1. Déanfaidh táirgeoirí agus sealbhóirí dramhaíola gach iarracht réasúnta lena sheachaint, más féidir, go n-éilleofaí an dramhaíl sin le substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn IV.

2. D'ainneoin Threoir 96/59/CE ón gComhairle[39], déanfar dramhaíl arb éard atá inti aon substaint a liostaítear in Iarscríbhinn IV, ina bhfuil aon substaint díobh sin nó atá éillithe ag aon substaint díobh sin, déanfar í a dhiúscairt nó a aisghabháil, gan aon mhoill mhíchuí agus i gcomhréir le cuid 1 ~~hd~~'Iarscríbhinn V~~, cuid 1~~ ionas go n-áiritheofar go ndéanfar an cion ~~truailleáin orgánaigh mharthanaigh~~ ⌦ ar POPanna é ⌫ a scriosadh nó a chlaochlú ar bhealach do-aisiompaithe sa dóigh nach léir saintréithe ~~truailleán orgánach marthanach~~ ⌦ POPanna ⌫ ar an dramhaíl ná ar an scaoileadh a bheidh ann ina dhiaidh sin.

Agus diúscairt nó aisghabháil den sórt sin á déanamh, féadfar aon substaint a liostaítear in Iarscríbhinn IV a scoitheadh amach ón dramhaíl, ar choinníoll go ndéanfar an tsubstaint sin a dhiúscairt ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an gcéad fhomhír.

3. Beidh toirmeasc ar oibríochtaí diúscartha nó aisghabhála a bhféadfadh aisghabháil, athchúrsáil, gnóthú nó athúsáid na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn IV a bheith mar thoradh orthu.

4. De mhaolú ar mhír 2:

---

| |
|---|
| ↓ 219/2009 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn 3(7) (oiriúnaithe) |

(a) féadfar dramhaíl ina bhfuil aon substaint, nó atá éillithe ag aon substaint, a liostaítear in Iarscríbhinn IV a dhiúscairt nó a aisghabháil ar shlí eile i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha de chuid an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫, ar choinníoll go bhfuil an cion de na substaintí liostaithe atá sa dramhaíl faoi bhun na dteorainneacha tiúchana ~~atá le sonrú~~ ⌦ a shonraítear ⌫ in Iarscríbhinn IV. ~~Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 17(3). Go dtí go ndéantar teorainneacha tiúchana a bhunú i gcomhréir le nós imeachta den sórt sin, féadfaidh údarás inniúil Ballstáit teorainneacha tiúchana nó ceanglais theicniúla shonracha a ghlacadh nó a chur i bhfeidhm i leith dramhaíl a dhiúscairt nó a aisghabháil faoin bpointe seo.~~

---

| |
|---|
| ↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)<br>➔$_1$ 219/2009 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn 3(7)<br>⇨ nua |

(b) I gcás dramhaíl a liostaítear ~~in~~ i gcuid 2 d'Iarscríbhinn V~~, cuid 2~~ ina bhfuil ~~aon~~ substaint nó atá éillithe ag ~~aon~~ substaint a liostaítear in Iarscríbhinn IV suas le teorainneacha tiúchana ~~atá le sonrú~~ ⌦ a shonraítear ⌫ ~~in~~ i gcuid 2 d'Iarscríbhinn V, féadfaidh Ballstát nó an t-údarás inniúil arna ainmniú ag an mBallstát sin, i gcásanna eisceachtúla, a cheadú go ndéileálfar leis an dramhaíl sin ar shlí eile i gcomhréir le modh éigin a liostaítear ~~in~~ i gcuid 2 d'Iarscríbhinn V ar chuntar ⌦ go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ⌫:

---

[39] Treoir 96/59/CE ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 1996 maidir le diúscairt défheinilí polaclóirínithe agus trífheinilí polaclóirínithe (PCB/PCT) (IO L 243, 24.9.1996, lch. 31).

(i) gur léirigh an sealbhóir lena mbaineann chun sástacht údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann nach mbeadh sé indéanta dí-éilliú a dhéanamh ar an dramhaíl i ndáil le substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn IV, agus nach é scriosadh ná claochlú do-aisiompaithe an chion ~~truailleáin orgánaigh mharthanaigh~~ ⌦ di ar POP é ⌫, de réir an dea-chleachtais comhshaoil nó na teicníochta is fearr atá ar fáil, an rogha is inmhianaithe ó thaobh an chomhshaoil agus gur údaraigh an t-údarás inniúil an oibríocht mhalartach dá dhroim sin;

(ii) go bhfuil an oibríocht ~~sin~~ i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha de chuid an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ agus ⌦ leis ⌫ na coinníollacha a leagtar síos sna bearta breise ábhartha dá dtagraítear i mír 6;

(iii) gur chuir an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile ⇨ , an Ghníomhaireacht ⇦ agus an Coimisiún ar an eolas faoina údarú agus faoin údar cuí leis.

5.➔$_1$ ⇨ Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun Iarscríbhinn IV agus cuid 2 d'Iarscríbhinn V a leasú ⇦ ⌦ chun ⌫ ~~Bunóidh an Coimisiún~~ teorainneacha tiúchana ⌦ a leagan síos ⌫ ~~in Iarscríbhinn V, cuid 2~~ chun críocha mhír 4~~(b)~~ den Airteagal seo. ~~Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 17(3).~~

➔Go dtí go leagfar síos na teorainneacha tiúchana sin~~:~~,

~~(a)~~ féadfaidh ~~an t-~~údarás inniúil ⌦ Ballstáit ⌫ teorainneacha tiúchana nó ceanglais theicniúla shonracha a ghlacadh nó a chur i bhfeidhm ~~maidir le~~ ⌦ chun críocha ⌫ ~~dramhaíl a bhfuiltear ag déileáil léi faoi~~ mhír 4~~(b);~~.

~~(b) i gcás ina bhfuiltear ag déileáil~~ ⌦ Maidir ⌫ le dramhaíl ⌦ a bhfuiltear ag déileáil léi ⌫ faoi mhír 4(b), soláthróidh na sealbhóirí lena mbaineann faisnéis don údarás inniúil ~~faoi chion truailleáin orgánaigh mharthanaigh na dramhaíola~~ ⌦ faoin gcion den dramhaíl ar POP é ⌫.

6. Féadfaidh an Coimisiún, más iomchuí, agus ag cur san áireamh dó forbairtí teicniúla agus treoirlínte agus cinntí idirnáisiúnta ábhartha agus aon údaruithe arna ndeonú ag Ballstát, nó ag an údarás inniúil arna ainmniú ag an mBallstát sin i gcomhréir le mír 4 agus le hIarscríbhinn V, bearta breise a ghlacadh ⇨ trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, ⇦ bearta a bhaineann le cur chun feidhme an Airteagail seo. ⌦ Go háirithe, ⌫ ~~Saineoidh~~ ⇨ féadfaidh ⇦ an Coimisiún ~~formáid i gcomhair thíolacadh na faisnéise~~ ⌦ an fhaisnéis atá le cur isteach ⌫ ag na Ballstáit i gcomhréir le mír 4(b)(iii) ⌦ a shonrú ⌫. Déanfar na bearta sin a chinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta ⇨ comhairleach ⇦ a leagtar síos in Airteagal ~~17~~20(2).

~~7. Roimh an 31 Nollaig 2009, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na maoluithe i mír 4 i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta agus forbairtí teicniúla, go háirithe maidir lena hinmhianaithe atá siad i dtaobh an chomhshaoil.~~

---

⇩ nua

*Airteagal 8*

**Cúraimí na Gníomhaireachta**

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, de bhreis ar na cúraimí a shanntar di faoi Airteagail 9, 10, 11, 13 agus 17, na cúraimí seo a leanas:

(a) cúnamh agus treoir theicniúil agus eolaíoch a sholáthar, le comhaontú an Choimisiúin, d'údaráis inniúla ainmnithe na mBallstát chun cur i bhfeidhm éifeachtúil an Rialacháin seo a áirithiú;

(b) ar iarratas, ionchur teicniúil agus eolaíoch a thabhairt don Choimisiún agus cúnamh a thabhairt dó chun cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú;

(c) ar iarratas, tacaíocht theicniúil agus eolaíoch agus ionchur teicniúil agus eolaíoch a thabhairt don Choimisiún maidir le substaintí a bhféadfadh sé go gcomhlíonann siad na critéir le haghaidh a liostaithe sa Choinbhinsiún nó sa Phrótacal.

(d) ar iarratas, tacaíocht theicniúil agus eolaíoch a thabhairt don Choimisiún maidir le hullmhú agus athbhreithniú na próifíle riosca agus maidir leis an meastóireacht bainistithe riosca i ndáil le substaint a chuimsítear i gCoinbhinsiún Stócólm;

(e) ar iarratas, tacaíocht theicniúil agus eolaíoch a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gCoinbhinsiún a chur chun feidhme, go háirithe i ndáil leis an gCoiste um Athbhreithniú ar POPanna;

(f) an fhaisnéis uile arna fáil nó atá ar fáil de bhun Airteagal 4(2) agus (3), Airteagal 7(4)(b)(iii), Airteagal 9(2) agus Airteagal 13(1) a thiomsú, a chlárú agus a phróiseáil agus a chur ar fáil don Choimisiún agus d'údaráis inniúla na mBallstát. Cuirfidh an Ghníomhaireacht an fhaisnéis nach bhfuil rúnda ar fáil don phobal ar a suíomh gréasáin agus éascóidh sí malartú na faisnéise sin le hardáin faisnéise ábhartha amhail na hardáin sin dá dtagraítear in Airteagal 13(2);

(g) rannóga a chruthú agus a chothabháil ar a suíomh gréasáin maidir le gach ábhar a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

2. Úsáidfear an Fóram um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú, arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, chun gníomhaíochtaí na n-údarás de chuid na mBallstát atá freagrach as forfheidhmiú an Rialacháin seo a chomhordú.

3. Is í Rúnaíocht na Gníomhaireachta a dhéanfaidh na cúraimí a shanntar don Ghníomhaireacht faoin Rialachán seo.

---

🡻 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal ~~8~~ 9*

**Pleananna cur chun feidhme**

1. Agus a gcuid pleananna náisiúnta cur chun feidhme á n-ullmhú ⇨ agus á dtabhairt cothrom le dáta ⇦ acu, tabharfaidh na Ballstáit, i gcomhréir lena gcuid nósanna imeachta náisiúnta, deiseanna luatha éifeachtacha don phobal a bheith rannpháirteach sa phróiseas sin.

2. A luaithe a beidh a phlean náisiúnta cur chun feidhme glactha ag an mBallstát i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá air faoin gCoinbhinsiún, cuirfidh sé ⇨ ar fáil don phobal é agus ⇦ ⌦ cuirfidh sé a fhoilsiú ⌫ in iúl don Choimisiún ⇨ , don Ghníomhaireacht ⇦ agus do na Ballstáit eile.

3. Agus a gcuid pleananna náisiúnta cur chun feidhme á n-ullmhú ⌦ ag na Ballstáit ⌫, malartóidh an Coimisiún ⇨ , le tacaíocht na Gníomhaireachta, ⇦ agus na Ballstáit faisnéis i dtaobh an inneachair, de réir mar is iomchuí.

4. ~~Laistigh de dhá bhliain ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, tarraingeoidh~~ ⌦ Déanfaidh ⌫ an Coimisiún ~~suas~~ ⇨ , le tacaíocht na Gníomhaireachta, ⇦ ⌦ cothabháil ar phlean ⌫ ~~plean~~ maidir le cur chun feidhme oibleagáidí an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ faoin gCoinbhinsiún~~.~~

~~A luaithe a bheidh plean cur chun feidhme an Chomhphobail glactha ag an gCoimisiún, cuirfidh sé in iúl do na Ballstáit é.~~

~~Déanfaidh an Coimisiún~~ ⌦ agus déanfaidh sé ⌫ ⌦ an plean ⌫ sin ~~cur chun feidhme an Chomhphobail~~ ⇨ a fhoilsiú, ⇦ a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, mar is iomchuí.

*Airteagal ~~9~~ 10*

**Faireachán**

Déanfaidh an Coimisiún ⇨ , le tacaíocht na Gníomhaireachta, ⇦ agus na Ballstáit, i ndlúthchomhar le chéile, cláir agus sásraí cuí, i gcomhréir le staid na teicníochta, a bhunú ⌦ nó a chothabháil, mar is iomchuí, ⌫ le haghaidh sonraí faireacháin inchomparáide a sholáthar go rialta maidir le láithreacht dé-ocsainí, fúrán agus PCBanna arna sainaithint in Iarscríbhinn III sa chomhshaol. Agus cláir agus sásraí den sórt sin á mbunú ⌦ nó á gcothabháil ⌫, tabharfar aird chuí ar fhorbairtí faoin bPrótacal agus faoin gCoinbhinsiún.

*Airteagal ~~10~~ 11*

**Malartú faisnéise**

1. Éascóidh agus déanfaidh an Coimisiún ⇨ , an Ghníomhaireacht ⇦ agus na Ballstáit, malartú, laistigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ agus le tríú tíortha, ar an bhfaisnéis is ábhartha maidir le ~~táirgeadh~~ ⇨ monarú ⇦ , úsáid agus scaoileadh ~~truailleán orgánach marthanach~~ ⌦ POPanna ⌫ a laghdú, a íoslaghdú nó a dhíothú agus maidir le roghanna malartacha ar na substaintí sin, lena sonrófar na rioscaí agus na costais eacnamaíocha agus shóisialta a bhaineann leis na roghanna malartacha sin.

2. Déanfaidh an Coimisiún ⇨ , an Ghníomhaireacht ⇦ agus na Ballstáit, mar is iomchuí, an méid seo a leanas a chur chun cinn agus a éascú i ndáil le ~~truailleáin orgánacha mharthanacha~~ ⌦ POPanna ⌫ :

(a) cláir feasachta, lena n-áirítear feasacht i ndáil lena n-éifeachtaí sláinte agus comhshaoil agus na roghanna malartacha orthu agus maidir le laghdú nó díothú a ~~dtáirgthe~~ ⇨ monaraithe ⇦, a n-úsáide agus a scaoilte, go háirithe i gcás:

(i) lucht déanta beartais agus lucht cinnteoireachta;

(ii) grúpaí a mbaineann leochaileacht ar leith leo;

(b) faisnéis a sholáthar don phobal;

(c) oiliúint, lena n-áirítear oibrithe, eolaithe, oideachasóirí agus oibrithe teicniúla agus lucht bainistíochta.

3. Gan dochar do Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ~~an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain a bheith ag an bpobal ar fhaisnéis chomhshaoil~~[40], measfar nach faisnéis faoi rún í

[40] Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain an phobail ar fhaisnéis chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

faisnéis ⇨ dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 ⇦ ~~maidir le sláinte agus sábháilteacht daoine agus maidir leis an gcomhshaol~~. Déanfaidh an Coimisiún ⇨ , an Ghníomhaireacht ⇦ agus na Ballstáit a mhalartóidh faisnéis ~~eile~~ le tríú tír, aon fhaisnéis atá faoi rún a chosaint de réir ⇨ dhlí an Aontais ⇦ ~~aon chomhaontú eatarthu~~.

*Airteagal ~~11~~ 12*

**Cúnamh teicniúil**

I gcomhréir le hAirteagal 12 agus Airteagal 13 den Choinbhinsiún, oibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit i gcomhar le chéile chun cúnamh cuí teicniúil agus airgeadais a sholáthar ar bhonn prapúil do thíortha atá i mbéal forbartha agus do thíortha a bhfuil a ngeilleagair ag athrú chun cabhrú leo, arna iarraidh sin agus de réir na n-acmhainní atá ar fáil agus a gcuid riachtanas ar leith á gcur san áireamh, forbairt agus neartú a dhéanamh ar a gcumas i ndáil leis na hoibleagáidí atá orthu faoin gCoinbhinsiún a chur chun feidhme ina n-iomláine. Féadfar an tacaíocht sin a threorú freisin trí eagraíochtaí neamhrialtasacha ⇨ nó tríd an nGníomhaireacht ⇦ .

*Airteagal ~~12~~ 13*

**~~Tuairisciú~~ ⌦ Faireachán ar chur chun feidhme ⌫**

---

⇩ nua

1. Gan dochar do Threoir 2003/4/CE gus do Threoir 2007/2/CE, déanfaidh na Ballstáit tuarascáil a tharraingt suas, a fhoilsiú agus a choinneáil cothrom le dáta ina mbeidh an méid seo a leanas:

---

🡻 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(a) ~~1. Gach trí bliana,~~ ~~scolfaidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún~~ faisnéis maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear faisnéis maidir le ⇨ gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, ⇦ sáruithe agus pionóis~~.~~;

~~3. Laistigh de thrí bliana ón dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún:~~

(~~a~~b) faisnéis ~~achomair~~ arna tiomsú ó na fógraí~~, a bhaineann le stoc-chairn,~~ a fuarthas de bhun ⇨ Airteagal 4(2) agus (3), ⇦ Airteagal 5(2) ⇨ agus Airteagal 7(4)(b)(iii) ⇦ ;

(~~b~~c) faisnéis ~~achomair~~ arna tiomsú ó na fardail scaoilte arna dtarraingt suas de bhun Airteagal 6(1);

---

⇩ nua

(d) faisnéis faoi chur chun feidhme i gcomhréir leis na pleananna náisiúnta cur chun feidhme arna dtarraingt suas de bhun Airteagal 9(2);

| |
|---|
| ↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

(~~ee~~) faisnéis ~~achomair~~ faoi na dé-ocsainí, na fúráin agus na PCBanna a shainaithnítear in Iarscríbhinn III a bheith ann sa chomhshaol, arna tiomsú de bhun Airteagal ~~9.~~ 10;

(f) ~~2. Gach bliain, cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún~~ sonraí ⌦ bliantúla ⌫ staidrimh ⇨ agus faireacháin ⇦ maidir leis an ~~táirgeacht~~ ⇨ monarú ⇦ iomlán iarbhír nó m~~h~~easta agus an cur ar an margadh i gcás aon substainte a liostaítear in Iarscríbhinn I nó Iarscríbhinn II ⇨ , lena n-áirítear táscairí ábhartha, léarscáileanna forléargais, tuarascálacha ⇦ .

| |
|---|
| ⇩ nua |

Tabharfaidh na Ballstáit rochtain ar an bhfaisnéis atá sna tuarascálacha don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht.

2. I gcás ina roinnfidh Ballstát an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(e) leis an Ardán Faisnéise do Fhaireachán ar Cheimiceáin, léireoidh an Ballstát é sin ina thuarascáil agus measfar go bhfuil a dhualgais tuairiscithe faoin bpointe sin comhlíonta ag an mBallstát.

I gcás ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(e) le fáil i dtuarascáil ó Bhallstát a soláthraíodh don Ghníomhaireacht, úsáidfidh an Ghníomhaireacht an tArdán Faisnéise do Fhaireachán ar Cheimiceáin chun an fhaisnéis sin a thiomsú, a stóráil agus a roinnt.

| |
|---|
| ↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

~~4. I dtaca leis na sonraí agus leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3, déanfaidh an Coimisiún formáid choiteann a fhorbairt roimh ré i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 16(2).~~

~~5~~3. Maidir leis na substaintí a liostaítear sa Choinbhinsiún, déanfaidh an Coimisiún, ⇨ le tacaíocht na Gníomhaireachta, ⇦ de réir ~~idirthréimhsí~~ ⌦ na n-idirthréimhsí ⌫ a ~~bheidh le cinneadh ag~~ ⌦ chinnfidh ⌫ Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, tuarascáil a thiomsú ar bhonn na faisnéise arna soláthar ⇨ don Ghníomhaireacht ⇦ ag na Ballstáit i gcomhréir le mír ~~2~~ 1(f) agus cuirfidh sé ar aghaidh chuig Rúnaíocht an Choinbhinsiúin í.

~~6. Gach trí bliana, tiomsóidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus déanfaidh sé í a chomhtháthú leis an bhfaisnéis atá ar fáil cheana féin i gcomhthéacs an chláir Eorpaigh um astaíochtaí truailleán, mar a bunaíodh le Cinneadh 2000/479/CE ón gCoimisiún[41], agus leis an bhFardal Astaíochtaí CORINAIR de chuid EMEP (an Comharchlár chun Faireachán agus Measúnú a dhéanamh ar Tharchur Fadraoin Truailleán Aeir san Eoraip), agus leis an bhfaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit faoi mhíreanna 1, 2 agus 3 chun tuarascáil sintéise a chur le chéile. Áireofar sa tuarascáil sin faisnéis maidir le húsáid maoluithe dá dtagraítear in Airteagal 7(4). Seolfaidh sé achoimre ar an~~

[41] ~~Cinneadh 2000/479/CE an 17 Iúil 2000 ón gCoimisiún maidir le clár Eorpach astaíochtaí truailleán a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 15 de Threoir 96/61/CE ón gComhairle maidir le cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú (IO L 192, 28.7.2000, lch. 36).~~

~~tuarascáil sintéise chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle agus cuirfidh sé ar fáil don phobal í gan mhoill.~~

---

⇩ nua

4. Déanfaidh an Ghníomhaireacht forléargas ar an Aontas a thiomsú agus a fhoilsiú ar bhonn na sonraí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a fhoilseoidh nó a sholáthróidh na Ballstáit. Áireofar leis an bhforléargas ar an Aontas, mar is iomchuí, táscairí le haghaidh aschuir, thorthaí agus thionchair an Rialacháin seo, léarscáileanna forléargais ar an Aontas agus tuarascálacha na mBallstát. Déanfaidh an Ghníomhaireacht an forléargas ar an Aontas a thabhairt cothrom le dáta gach sé mhí ar a laghad nó arna iarraidh sin don Choimisiún.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sonrófar a thuilleadh an fhaisnéis íosta nach mór a sholáthar i gcomhréir le mír 1, lena n-áirítear sainiú táscairí, léarscáileanna agus forléargais na mBallstát dá dtagraítear i mír 1(f). Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 20(2).

---

🡻 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)

*Airteagal ~~13~~ 14*

**Pionóis**

Déanfaidh na Ballstáit ~~na~~ rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. ~~Tabharfaidh~~ ⌦ Más rud é nach bhfuil sé déanta acu roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, tabharfaidh ⌫ na Ballstáit fógra i dtaobh na bhforálacha sin don Choimisiún aon bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar a dhéanaí agus tabharfaidh siad fógra dó gan mhoill i dtaobh aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

---

🡻 219/2009 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn 3(7)

*Airteagal ~~14~~ 15*

**Leasú ar Iarscríbhinní**

~~1. Aon uair a liostaítear substaint sa Choinbhinsiún nó sa Phrótacal, leasóidh an Coimisiún, i gcás inar iomchuí, Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III dá réir sin.~~

~~Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 16(3).~~

~~2. Aon uair a liostaítear substaint sa Choinbhinsiún nó sa Phrótacal, leasóidh an Coimisiún, i gcás inar iomchuí, Iarscríbhinn IV dá réir sin.~~

~~Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 17(3).~~

~~3. Glacfaidh an Coimisiún modhnuithe ar na hiontrálacha atá ann cheana in Iarscríbhinn I, in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn III, lena n-áirítear iad a chur in oiriúint do dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.~~

~~Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 16(3).~~

~~4. Glacfaidh an Coimisiún modhnuithe ar na hiontrálacha atá ann cheana in Iarscríbhinn IV agus modhnuithe ar Iarscríbhinn V, lena n-áirítear iad a chur in oiriúint do dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.~~

~~Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 17(3).~~

---

⇩ nua

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun iad a oiriúnú d'athruithe ar an liosta substaintí a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún nó leis an bPrótacal nó chun iontrálacha nó forálacha atá cheana féin sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a choigeartú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

*Airteagal 16*

**Buiséad na Gníomhaireachta**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, is é an méid seo a leanas a bheidh in ioncam na Gníomhaireachta:

(a) fóirdheontas ón Aontas, a iontrálfar i mbuiséad ginearálta an Aontais (Roinn an Choimisiúin);

(b) aon ranníocaíocht dheonach ó na Ballstáit.

2. Ioncam agus caiteachas maidir le gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo, déanfar iad a thiomsú leis na cinn sin a bhaineann le gníomhaíochtaí faoi Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 agus léireofar sa roinn chéanna de bhuiséad na Gníomhaireachta iad. Úsáidfear ioncam na Gníomhaireachta dá dtagraítear i mír 1 chun a cúraimí faoin Rialachán seo a dhéanamh.

*Airteagal 17*

**Formáidí agus bogearraí le haghaidh faisnéis a fhoilsiú nó a sholáthar**

Sonróidh an Ghníomhaireacht formáidí agus bogearraí le haghaidh na mBallstát maidir le sonraí a fhoilsiú nó a sholáthar de bhun an Rialacháin seo agus cuirfidh sí ar fáil saor in aisce iad ar a suíomh gréasáin. Maidir le tacair sonraí spásúla, déanfaidh na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht na formáidí a dhearadh i gcomhréir le ceanglais Threoir 2007/2/CE. Úsáidfidh na Ballstáit agus páirtithe eile atá faoi réir an Rialacháin seo na formáidí agus na bogearraí sin agus sonraí á mbainistiú acu nó á malartú acu leis an nGníomhaireacht.

*Airteagal 18*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(3), in Airteagal 7(5) agus in Airteagal 15 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón […].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(3), in Airteagal 7(5) agus in Airteagal 15 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(3), Airteagal 7(5) agus Airteagal 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse [dhá mhí] tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú aon mhí amháin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

🡻 Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal ~~15~~ 19*

**Údaráis inniúla**

Ainmneoidh gach Ballstát ~~an t-~~údarás inniúil nó ~~na h~~údaráis inniúla a bheidh freagrach as comhlíonadh na gcúraimí riaracháin ⇨ agus forfheidhmiúcháin ⇦ a cheanglaítear faoin Rialachán seo. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoin ainmniúchán sin trí mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ⇨ , ach amháin má tá sé sin déanta aige cheana féin roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin, agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas freisin faoi aon athrú ar údarás inniúil ⇦ .

*Airteagal ~~16~~ 20*

**⌦ Nós imeachta coiste ⌫ ~~Coiste i dtaobh nithe ginearálta~~**

1. Déanfaidh an Coiste a bunaíodh le hAirteagal ~~29 de Threoir 67/548/CEE~~ 133 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 cúnamh a thabhairt don Choimisiún i ndáil le gach ábhar faoin Rialachán seo ~~seachas ábhair a bhaineann le dramhaíl~~.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag ~~Airteagal 5 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE~~ ⇨ Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ⇦, ~~ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de~~.

~~Trí mhí a bheidh sa tréimhse a leagtar síos in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.~~

---

| |
|---|
| ↓ 219/2009 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn 3(7) |

~~3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.~~

---

| |
|---|
| ↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 |

*~~Airteagal 17~~*

**~~Coiste i dtaobh nithe dramhaíola~~**

~~1. Tabharfaidh an Coiste arna bhunú le hAirteagal 18 de Threoir 75/442/CEE cúnamh don Choimisiún, i ndáil le nithe a bhaineann le dramhaíl faoin Rialachán seo.~~

~~2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de~~

~~Trí mhí a bheidh sa tréimhse a leagtar síos in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.~~

---

| |
|---|
| ↓ 219/2009 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn 3(7) |

~~3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.~~

| |
|---|
| ↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5 |

*~~Airteagal 18~~*

**~~Leasuithe ar Threoir 79/117/CEE~~**

~~I gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 79/117/CEE, 'Comhdhúile orgánaclóirín marthanacha', seriosfar mír 1 go mír 8.~~

---

| |
|---|
| ⇩ nua |

*Airteagal 21*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 850/2004.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn VII.

↓ Ceartúchán, IO L 229, 29.6.2004, lch. 5

*Airteagal ~~19~~ 22*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

**Ráiteas airgeadais reachtach "Gníomhaireachtaí"**

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar measta ar leithreasaí [an chomhlachta]*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna [an chomhlachta]*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (athmhúnlú)

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[42]

Réimse beartais: 07 Comhshaol

Gníomhaíocht: 07 02 : Beartas comhshaoil ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta

#### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[43]

**X** Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

#### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

Leis an togra seo dírítear ar an gcuspóir ginearálta de chuid an Choimisiúin:

- Cuspóir Ginearálta 1: Borradh Nua faoi Phoist, Fás agus Infheistíocht;

trí chur chun feidhme Choinbhinsiún Stócólm a áirithiú, agus go háirithe an cuspóir arb é sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar thruailleáin orgánacha mharthanacha é, trí laghdú nó díothú a dhéanamh ar scaoileadh na substaintí sin de dheasca a monaraithe nó a n-úsáide.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

Cuspóir Sonrach Uimh 3

Saoránaigh an Aontais a chosaint ar bhrúnna a bhaineann leis an gcomhshaol agus ar an mbaol don tsláinte agus don fholláine

Cuspóir Sonrach Uimh 6

Éifeachtacht an Aontais a fheabhsú maidir le dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil idirnáisiúnta

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Gníomhaíocht: 07 02 : Beartas comhshaoil ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta

[42] ABM: bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

[43] Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Is é cuspóir an togra Rialachán (CE) Uimh. 850/2008 a athmhúnlú chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

(1) forbairtí ar reachtaíocht an Aontais maidir le ceimiceáin, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1907/3006 agus Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;

(2) bunú na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;

(3) bunú an Chláir Eorpaigh ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (E-PRTR) faoi Rialachán (CE) Uimh. 166/2006;

(4) na hathruithe a eascraíonn ó Chonradh Liospóin;

(5) cinntí na Seiceála Oiriúnachta maidir le Tuairisciú agus Faireachán ar an gComhshaol;

(6) an taithí ar an gcur chun feidhme praiticiúil a rinneadh go dtí seo.

Dá bhrí sin, is iad seo a leanas na torthaí/éifeachtaí a bhfuil súil leo:

(1) méadú ar an gcomhleanúnachas leis an reachtaíocht eile a bhaineann le ceimiceáin, go háirithe REACH agus CLP, agus le hoibleagáidí agus le nósanna imeachta faoi Choinbhinsiún Stócólm, e.g. maidir le tuairisciú.

(2) méadú ar na sineirgí le cur chun feidhme REACH, CLP agus Rialacháin maidir le Bithicídí agus go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, trí obair riaracháin, theicniúil agus eolaíoch a aistriú ón gCoimisiún chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán. Ceaptar go ndéanfaidh rannpháirtíocht ECHA tuairisciú na mBallstát a chomhchuibhiú agus a fheabhsú, agus dá thoradh sin Tuarascáil Sintéise an Aontais faoi chur chun feidhme an Rialacháin maidir le POPanna.

(3) laghdú, a bhuí le leasuithe áirithe atá á moladh, ar an ualach riaracháin a bhaineann le hoibleagáidí tuairiscithe, trí leas níos fearr a bhaint as na gníomhaíochtaí atá ann cheana, tríd an tuairisciú féin a éascú agus a chuíchóiriú agus trí chomhchuibhiú le hoibleagáidí Choinbhinsiún Stócólm.

Dá réir sin leanfaidh an togra d'aidhmeanna Choinbhinsiún Stócólm a chomhlíonadh, mar atá deireadh a chur le scaoileadh truailleán orgánach marthanach de dheasca a monaraithe agus a n-úsáide, i gcás dramhaíola freisin, chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar an díobháil a d'fhéadfaidís a dhéanamh. Déanfar é sin trí chosc a chur ar thruailleáin orgánacha mharthanacha a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid agus trí fhorálacha a leagan síos maidir le cóireáil atá iontaofa ó thaobh an chomhshaoil de ar dhramhaíl arb éard atá inti aon cheann de na substaintí sin, ina bhfuil aon cheann díobh nó atá éillithe ag aon cheann díobh.

*1.4.4. Táscairí lena léireofar toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

Is éard is aidhm don Rialachán atá molta, fearacht an rialacháin atá ann faoi láthair, scaoileadh truailleán orgánach marthanach a dhíothú ón bpróiseas monaraithe agus a chur ó úsáid, i gcás dramhaíola freisin chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar dhíobháil a d'fhéadfaidís a dhéanamh trí chosc a chur ar thruailleáin orgánacha mharthanacha a mhonarú,

a chur ar an margadh agus a úsáid agus trí fhorálacha a leagan síos maidir le dramhaíl arb éard atá inti aon cheann de na substaintí sin, ina bhfuil aon cheann díobh nó atá éillithe ag aon cheann díobh. Dá bhrí sin, is táscairí iad seo a leanas le haghaidh faireachán ar chur chun feidhme an togra:

- líon na dtruailleán orgánach marthanach a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán;

- líon na dtruailleán orgánach marthanach ar cuireadh deireadh iomlán lena monarú, lena gcur ar an margadh agus lena n-úsáid chomh luath agus is féidir tar éis dóibh a bheith liostaithe sa Rialachán;

- an laghdú ar scaoileadh na dtruailleán orgánach marthanach isteach sa chomhshaol, scaoileadh neamhbheartaithe san áireamh;

- an t-am atá de dhíth chun monarú, cur ar an margadh agus deireadh de réir a chéile a chur le húsáid na dtruailleán orgánach marthanach atá liostaithe go hiomlán;

- an t-am atá de dhíth chun scaoileadh na dtruailleán orgánach marthanach isteach sa chomhshaol, scaoileadh neamhbheartaithe san áireamh; a laghdú go nialas;

- líon na bhfadhbanna a thagann chun cinn agus a thuairiscítear do líonra na n-údarás inniúil a chomhordaíonn an Coimisiún le linn chur chun feidhme an rialacháin atá beartaithe.

Déanfar achoimre ar na táscairí sin sa tuairisciú a dhéanfaidh na Ballstáit, ECHA agus an Coimisiún.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Is é an príomhcheanglas atá le comhlíonadh Rialachán (CE) Uimh. 850/2004, ina dtagraítear do Threoir 67/548/CEE agus do Threoir 75/442/CEE, a ailíniú le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus Treoir 2008/98/CE. Ina theannta sin, tagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 do choiste rialála nach bhfuil ann a thuilleadh agus is gá é sin a ailíniú le Conradh Liospóin.

Ina theannta sin, le haistriú na gcúraimí ón gCoimisiún chuig ECHA áiritheofar timpeallacht níos oiriúnaí don tacaíocht riaracháin, eolaíoch agus theicniúil a theastaíonn ón gcur chun feidhme. Táthar ag súil go háirithe le feabhsuithe i ndáil le tuairisciú na mBallstát agus le tacaíocht eolaíoch don athbhreithniú ar shubstaintí a d'fhéadfaí a áireamh mar POPanna.

*1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas AE*

Ní athróidh an rialachán atá beartaithe aon chuspóir ar bith de chuid Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 agus dá bhrí sin is ionann luach breise rannpháirteachas AE sa chás seo agus an luach breise atá ann i gcás an rialacháin atá ann faoi láthair.

Cuirtear dualgais an Aontais de réir Choinbhinsiún Stócólm chun feidhme le Rialachán (CE) Uimh. 850/2004, ar ghlac an tAontas leis nuair a dhaingnigh sé an Coinbhinsiúin. Nuair a glacadh Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 measadh go raibh rialachán de chuid an Aontais ar an modh ba éifeachtaí leis na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh agus is léir ar thaithí gurb amhlaidh atá go fóill.

Foráiltear sa togra maidir le haistriú cúraimí atá teicniúil agus eolaíoch den chuid is mó chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, a bheadh ina gcúraimí nua don Ghníomhaireacht. De thoradh shaineolas na Gníomhaireachta i réimse na gceimiceán, táthar ag súil go rachaidh rannpháirtiú na Gníomhaireachta sin de chuid an Aontais chun tairbhe na hearnála tionsclaíochta agus na mBallstát ós rud é go mbeidh comhleanúnachas níos fearr, cur chun feidhme feabhsaithe agus forfheidhmiú neartaithe ann dá thoradh sin.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Is léir ón taithí a fuarthas agus Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 á chur chun feidhme gurb iomchuí leasuithe teicniúla áirithe ar na forálacha oibríochtúla a chur san áireamh amhail roinnt sainmhínithe a chomhchuibhiú agus a shoiléiriú agus oibleagáidí áirithe a chuíchóiriú agus an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán a dhéanamh páirteach i gcúraimí áirithe chun sineirgí a chruthú le reachtaíocht eile maidir le ceimiceáin agus chun comhlíonadh a n-oibleagáidí a éascú do na Ballstáit.

Le haistriú cúraimí ón gCoimisiún chuig ECHA táthar ag súil go ndéanfar, go háirithe, tuairisciú na mBallstát a éascú agus a fheabhsú agus dá thoradh sin agus tuairisciú atá le déanamh ag an Aontas. Ina theannta sin, áiritheofar comhleanúnachas níos fearr le réimsí eile mar aon le cáilíocht níos fearr mar gheall ar an tacaíocht eolaíoch *inter alia* don athbhreithniú ar shubstaintí a d'fhéadfaí a áireamh mar POPanna.

Mar gheall ar aistriú cúraimí riaracháin, teicniúla agus eolaíocha áirithe le déanaí ón gCoimisiún chuig ECHA faoi Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 maidir le ceimiceáin ghuaiseacha a onnmhairiú agus a allmhairiú rinneadh roinnt feabhsuithe; go háirithe laghdú ar ualach oibre údaráis na hearnála tionsclaíochta agus na mBallstát, próisis chuíchóirithe agus comhlíonadh níos fearr.

*1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirge a d'fhéadfadh a bheith ann*

Tá an togra go hiomlán i gcomhréir le beartais agus cuspóirí atá ann faoi láthair agus a bhfuil sé d'aidhm leo sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar bhonn domhanda amhail na beartais agus cuspóirí atá leagtha síos sa 7ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil.

Áirítear sa togra comhleanúnachas níos fearr le hionstraimí dlíthiúla eile amhail Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus Rialachán (CE) Uimh. 166/2006.

Trí bhíthin na hoibre eolaíche agus teicniúla a bhaineann le cur chun feidhme an rialacháin atá beartaithe a chur le ECHA, táthar ag súil le sineirgí leis an obair cur chun feidhme a rinne ECHA ar REACH, CLP, ar Rialachán maidir le Bithicídí agus ar Rialachán PIC (Rialachán (AE) Uimh. 649/2012).

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais**

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

**X** Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2018 go 2019,

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[44]

**Bainistíocht dhíreach X** a dhéanann an Coimisiún trí

☐ na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

X Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

comhlachtaí X dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209;

☐ comhlachtaí dlí poiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

| |
|---|
| […] |
| […] |

[44] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht agus na coinníollacha*

(1) Déanfaidh na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht tuarascálacha a chur i dtoll a chéile, a fhoilsiú ar an idirlíon agus a thabhairt cothrom le chéile maidir le hoibriú an Rialacháin, lena n-áireofar faisnéis maidir le sáruithe agus pionóis.

(2) Cuirfidh na Ballstáit sonraí staitistiúla ar fáil don Ghníomhaireacht agus don Choimisiún maidir le haon substaint a liostaítear in Iarscríbhinn I nó in Iarscríbhinn II a mhonarú agus a chur ar an margadh. Ina theannta sin, cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha a scaoileadh isteach sa chomhshaol.

(3) Dá réir sin, tiomsóidh an Ghníomhaireacht go rialta tuarascáil forléargais don Aontas lena gcuimseofar na táscairí maidir le haschuir, torthaí agus tionchair an Rialacháin seo agus léarscáileanna forléargais don Aontas, de réir mar is iomchuí, chun iad a fhoilsiú ar an Idirlíon agus a chur ar fáil don phobal, lena n-áirítear Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*Na rioscaí a aithníodh.*

Is iad seo na príomhrioscaí:

- mainneachtain cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh;

- fardail neamhiomlána arna mbunú ag na Ballstáit;

- faireachán neamhleor ar láithreacht truailleán orgánach marthanach sa chomhshaol ag na Ballstáit;

- córais rialaithe agus forfheidhmiúcháin neamhleora, e.g. rialuithe arna gcur i gcrích ag údaráis forfheidhmiúcháin na mBallstát;

- mainneachtain ECHA a cúraimí a chur i gcrích.

*Modh(anna) rialaithe atá beartaithe*

Tá roinnt córas bainistithe agus rialaithe i bhfeidhm, nó cuirfear i bhfeidhm iad, lena n-áirithiú go gcuirfear an rialachán beartaithe seo chun feidhme mar is iomchuí:

- Iarrtar ar na Ballstáit údaráis inniúla a ainmniú a bheidh freagrach as cúraimí riaracháin agus as forfheidhmiú;

- Iarrtar ar na Ballstáit a gcuid tuairiscí a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faireacháin agus forfheidhmiúcháin arna ndéanamh ina gcuid críoch;

- Déantar faireachán ar chomhordú teicniúil agus eolaíoch obair an Aontais trí bhíthin chruinniú na n-údarás inniúil, a bhfuil an Coimisiún ina chathaoirleach air;

- Tagann bainistiú laethúil chúraimí na Gníomhaireachta faoi fhreagracht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, a thuairiscíonn do Bhord Bainistíochta ECHA ina dhiaidh sin.

Thairis sin, is é an bhileog airgeadais seo is bunús leis an bhfóirdheontas a theastaíonn ó ECHA chun a cúraimí a chur i gcrích.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.*

Tá feidhm ag na gnáthbhearta atá ann chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc sa Choimisiún, maidir leis na cúraimí a chuirfidh an Coimisiún i gcrích faoin togra seo.

Chun calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac, tá feidhm gan srian ag forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1037/1999 leis an nGníomhaireacht seo.

D'aontaigh an Ghníomhaireacht don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe inmheánacha arna seoladh ag OLAF agus d'eisigh sí na forálacha iomchuí is infheidhme maidir lena cuid fostaithe uile.

Leagtar amach sna cinntí maidir le maoiniú agus maidir leis na comhaontuithe agus na hionstraimí cur chun feidhme a eascraíonn astu go bhféadfaidh an Chúirt Iniúchóirí agus OLAF seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, más gá, ar fhaighteoirí mhaoiniú na Gníomhaireachta agus ar na gníomhairí atá freagrach as an maoiniú a leithdháileadh.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 070205 | Dif./Neamhdhif[45]. | ó thíortha de chuid CSTE[46] | ó thíortha is iarrthóirí[47] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 2 | An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán — Gníomhaíochtaí i réimse na reachtaíochta maidir le ceimicí contúirteacha a allmhairiú agus a onnmhairiú | Difreáilte | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |
| | | | | | | |

Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir [Ceannteideal……] | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| […] | [XX.YY.YY.YY]<br>[…] | […] | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

45 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

46 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

47 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | 2 – Fás Inbhuanaithe: Acmhainní Nádúrtha |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil | | | Bliain 2019 | Bliain 2020 | | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1: Caiteachas foirne (*) | Gealltanais | (1) | 0,100 | 0,100 | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0,100 | 0,100 | | | | | | |
| Teideal 2: Caiteachas bonneagair agus oibríochtúil | Gealltanais | (1a) | 0,000 | 0,000 | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2 a) | 0,000 | 0,000 | | | | | | |
| Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil | Gealltanais | (3a) | 0,269 | 0,163 | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (3b) | 0,269 | 0,163 | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh ECHA(**)** | Gealltanais | =1+1a +3a | 0,369 | 0,263 | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3b | 0,369 | 0,263 | | | | | | |

(*) An meán-leithdháileadh caighdeánach, lena n-áirítear costais “habillage” agus costais maireachtála níos airde san Fhionlainn a thabhairt san áireamh.

(**) Le hath-imlonnú i bpáirt ó na línte buiséid an 07 02 03 (atá mar chuid d’fhochlár LIFE don Chomhshaol).

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **5** | "Caiteachas riaracháin" |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain 2019 | Bliain 2020 | | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: Comhshaol | | | | | | | | | |
| • | | | | | | | | | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **N**[48] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 0,369 | 0,263 | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | 0,369 | 0,263 | | | | | | |

[48] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe ECHA*

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

**X** Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** | | | Bliain 2019 | | Bliain 2020 | | Bliain | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ⇩ | Saghas[49] | Meán costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIRÍ SONRACHA Uimh. 3 agus 6[50] … | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Córas TF le | | | 1 | 0,2 | 1 | 0,1 | | | | | | | | | | | | |
| Próifíl riosca agus meastóireacht ar bhainistíocht | | | 2 | 0,01 | 2 | 0,01 | | | | | | | | | | | | |
| Tuarascáil Sintéise an Aontais agus | | | 0 | 0,039 | 1 | 0,033 | | | | | | | | | | | | |
| Plean Cur chun Feidhme an Aontais | | | 0 | 0,02 | 1 | 0,02 | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóirí sonracha Uimh. 3 agus Uimh. 6 | | | | 0,269 | | 0,163 | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

[49] Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

[50] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | 0,269 | | 0,163 | | | | | | | | | | | | |

Is ionann na costais reatha i leith na hoibre eolaíche agus teicniúla atá clúdaithe ag buiséad oibriúcháin 2015-2016 agus thart ar 210.000€ in aghaidh na bliana agus clúdaítear conarthaí seirbhíse leo. Meastar go mbeidh costais arda ann in 2019 de bharr an aistrithe chuig an nGníomhaireacht toisc bogearraí nua a bheith le forbairt, ar bogearraí iad a bheadh de dhíth freisin cibé cur chuige a roghnófaí mar gheall ar an ngá tuairisciú na mBallstát a chomhchuibhiú agus a fheabhsú trí bhunachar sonraí a chruthú. Tar éis na céime tosaithe sin, meastar go mbeidh na costais oibriúcháin cobhsaí. Tá infheistíocht riachtanach in 2019 go háirithe le haghaidh infheistíochtaí TF ag an nGníomhaireacht. A luaithe a thosóidh gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta in 2019, cé go bhfanfaidh caiteachas foriomlán na Gníomhaireachta cobhsaí, meastar go dtiocfaidh méadú ar an ualach oibre, go háirithe i gcás ullmhú tuarascálacha,sa dóigh go dtiocfaidh laghdú ar an "gcostas aonaid" in aghaidh an aschuir.

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna ECHA*

3.2.3.1. Achoimre

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain 2019 | Bliain 2020 | | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | 1 | 1 | | | | |
| Pearsanra sealadach | | | | | | |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **1** | **1** | | | | |

An tionchar a mheastar a bheidh ar an bhfoireann (FTE breise) – an plean bunaíochta

| Feidhmghrúpa agus grád | Bliain 2018 | Bliain 2019 | Bliain 2020 | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) |
|---|---|---|---|---|
| AD16 | | | | |
| AD15 | | | | |
| AD14 | | | | |
| AD13 | | | | |
| AD12 | | | | |
| AD11 | | | | |
| AD10 | | | | |
| AD9 | | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| AD8<br>AD7<br>AD6<br>AD5 | | | | |
| AD Iomlán | | | | |
| AST11<br>AST10<br>AST9<br>AST8<br>AST7<br>AST6<br>AST5<br>AST4<br>AST3<br>AST2<br>AST1 | | | | |
| AST Iomlán | | | | |
| AST/SC 6<br>AST/SC 5<br>AST/SC 4<br>AST/SC 3<br>AST/SC 2<br>AST/SC 1 | | | | |
| AST/SC Iomlán | | | | |
| COMH-IOMLÁN | | | | |

An tionchar a mheastar a bheidh ar an bhfoireann (sa bhreis) – pearsanra seachtrach

| Gníomhairí ar conradh | Bliain N | Bliain N+1 | Bliain N+2 | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) |
|---|---|---|---|---|
| Grúpa Feidhme IV<br>Grúpa Feidhme III<br>Grúpa Feidhme II<br>Grúpa feidhme I | | | | |
| Iomlán | 1 | 1 | | |

| Saineolaí náisiúnta ar iasacht | Bliain N | Bliain N+1 | Bliain N+2 | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) |
|---|---|---|---|---|
| Iomlán | | | | |

Luaigh an dáta earcaíochta atá beartaithe agus déan oiriúnú ar an méid dá réir (má chuirtear tús leis an earcaíocht i mí Iúil, ní chuirtear ach 50 % den mheánchostas san áireamh) agus tabhair mínithe breise in Iarscríbhinn le do thoil.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach don mháthair-Ard-Stiúrthóireacht

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí an chéad deachúil ar a mhéad)*

| | | Bliain | Bliain | Bliain | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| 0702 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | | | |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| • **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[51] | | | | | | | | |
| XX 01 02 01 (CA, SNE, INT ón gclúdach iomlánaíoch) | | | | | | | | |
| XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna Toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| **XX** 01 04 ***bb***[52] | - sa Cheanncheathrú[53] | | | | | | | |
| | - toscaireachtaí | | | | | | | |
| XX 01 05 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach) | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-

[51] CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaithe Sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[52] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

[53] Le haghaidh na gCistí Struchtúracha, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) go príomha.

Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Tá AS an Chomhshaoil freagrach as forbairt na mbeartas agus as an Rialachán maidir le POPanna a chur chun feidhme in AE, lena n-áirítear glacadh reachtaíochta, agus tá sé freagrach freisin as gach oibleagáid idirnáisiúnta a eascraíonn ón gCoinbhinsiún. Is í AS an Chomhshaoil ionadaí an Aontais Eorpaigh ar leibhéal an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear Coiste Athbhreithnithe na dTruailleán Orgánach Marthanach, agus déanann sí an obair a bhaineann le caibidlíochtaí idirnáisiúnta. |
| Pearsanra seachtrach | |

Ba cheart tuairisc ar ríomh an chostais i gcomhair aonaid FTE (coibhéis lánaimseartha) a bheith ar áireamh in Iarscríbhinn V, roinn 3.

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

X Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| |
|---|
| Mínigh an cineál athcláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.<br>[…] |

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[54].

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.<br>[…] |

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

X - Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

[54] Féach Airteagal 11 agus Airteagal 17 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

X Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne bhuiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[55] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal ……. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

[…]

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

[…]

[55] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.